Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2026/0801(NLE)

16.2.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an moladh ón gComhairle chun Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh a cheapadh
(N10-0003/2026 – C10-0018/2026 – 2026/0801(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Aurore Lalucq

INNEACHAR

Leathanach

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

IARSCRÍBHINN 1: CURRICULUM VITAE BORIS VUJČIĆ 1

IARSCRÍBHINN 2: FREAGRAÍ BORIS VUJČIĆ AR AN gCEISTNEOIR 3

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 40

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an moladh ón gComhairle chun Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh a cheapadh
(N10-0003/2026 – C10-0018/2026-2026/0801(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 30 Eanáir 2026 (N10-0003/2026)[1],

– ag féachaint d'Airteagal 283(2), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0018/2026),

– ag féachaint do Riail 134 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2026),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle Eorpach, le litir an 30 Eanáir 2026, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Boris Vujčić a cheapadh mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar feadh téarma oifige 8 mbliana, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026;

B. de bhrí go ndearna an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i bParlaimint na hEorpa meastóireacht ansin ar dhintiúir Boris Vujčić, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 283(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i bhfianaise an ghá atá le neamhspleáchas iomlán BCE de bhun Airteagal 130 den Chonradh sin; de bhrí go bhfuair an coiste, agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, curriculum vitae ó Boris Vujčić chomh maith lena chuid freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a seoladh;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Boris Vujčić ina dhiaidh sin an 25 Feabhra 2026, éisteacht ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim ***[fhabhrach/dhiúltach]*** maidir leis an moladh ón gComhairle chun Boris Vujčić a cheapadh mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (*agus á iarraidh go dtarraingeofaí siar an moladh agus go gcuirfí moladh nua faoi bhráid na Parlaiminte*);

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle agus chuig rialtais na mBallstát.

[1] IO C/2026/707, 28.1.2026, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32026H00707.

IARSCRÍBHINN 1: CURRICULUM VITAE BORIS VUJČIĆ

Banc Náisiúnta na Cróite
Gobharnóir

Dáta breithe: an 2 Meitheamh 1964

Oideachas:

1996: Ph.D. Dámh na hEacnamaíochta, Ollscoil Shágraib
1995-1996: Teastas, Oiliúint inseirbhíse sa Choimisiún Eorpach, AS II – Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, an Roinn Gnóthaí Airgeadaíochta, an Bhruiséil
1994-1995: Scoláire Réamhdhochtúireachta Fulbright, an Roinn Eacnamaíochta, Ollscoil Stáit Michigan
1991: Céim Mháistreachta san Eacnamaíocht, Dámh na hEacnamaíochta, Ollscoil Shágraib
1989: Teastas, CIHEAM, Ollscoil Montpellier, an Fhrainc, (ardtaighde ríomhaireachta san eacnamaíocht, scoláireacht ón gCoimisiún Eorpach)
1988: Céim Baccalaureus san Eacnamaíocht, Dámh na hEacnamaíochta, Ollscoil Shágraib

Gairmréim:

1989: Ollamh Cúnta, Ollscoil Shágraib, Dámh na hEacnamaíochta
1992: Comhalta ar cuairt san Institiúid um Staidéar Forbartha – Ollscoil Sussex, Brighton
1993: Léachtóir ar cuairt in Ollscoil Freiberg, an Ghearmáin 1994:
Scoláire ar cuairt in Ollscoil Kentucky, Stáit Aontaithe Mheiriceá
1994-1995: Comhoibrí Seachtrach don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) 1996: Comhairleoir don Choimisiún Eorpach, AS II – Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais
1997-2000: Stiúrthóir, an Roinn Taighde, Banc Náisiúnta na Cróite 2000-
2006: Leas-Ghobharnóir, Banc Náisiúnta na Cróite
2006-2012: Leas-Ghobharnóir den dara téarma, Banc Náisiúnta na Cróite 2012-2018: Gobharnóir, Banc Náisiúnta na Cróite
ó bhí 2018 ann: An dara téarma, Gobharnóir, Banc Náisiúnta na Cróite ó 2024 i leith: An tríú téarma, Gobharnóir, Banc Náisiúnta na Cróite

Gníomhaíochtaí gairmiúla roghnaithe:

ó bhí 2003 ann: Ollamh, Ollscoil Shágraib, Dámh na hEacnamaíochta,
ó bhí 2004 ann: Ollamh ar Cuairt i nDámh na Matamaitice, Ollscoil Shágraib
2005-2012: Leas-Phríomh-Idirbheartaí leis an Aontas Eorpach i gcainteanna aontachais na Cróite 2006-2012: Comhalta de Bhord Bainistíochta an Líonra Forbartha Domhanda ó bhí 2013 ann: Comhalta de Chomhairle Ghinearálta BCE
ó bhí 2013 ann: Comhalta de Bhord Ginearálta BERS
ó bhí 2016 ann: Cathaoirleach Choiste Stiúrtha Thionscnamh Vín 2016-2019: Comhalta de Choiste Stiúrtha BERS
ó bhí 2023 ann: Comhalta de Chomhairle Rialaithe BCE

Aitheantais ghairmiúla roghnaithe*:*

2018: An gobharnóir is fearr i Lár agus in Oirthear na hEorpa dar le Emerging Markets 2019: An gobharnóir domhanda is fearr dar le The Banker (Financial Times) in 2019 agus 2021: Gradam Lamfalussy as éacht saoil i réimse an airgeadais

IARSCRÍBHINN 2: FREAGRAÍ BORIS VUJČIĆ AR AN gCEISTNEOIR

Ceistneoir don iarrthóir ar an bpost mar
Leas-Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh

A. Cúlra pearsanta agus gairmiúil

1. Leag béim, le do thoil, ar phríomhghnéithe do scileanna gairmiúla i gcúrsaí airgeadaíochta, eacnamaíocha agus airgeadais agus ar phríomhghnéithe do thaithí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Le linn mo ghairmréime – agus bhí mé i mo bhaincéir ceannais gairme – d'oibrigh mé ag an trasnú idir anailís eacnamaíoch, ceapadh beartas airgeadaíochta, cobhsaíocht airgeadais agus ceapadh beartas Eorpach. Thug sé sin tuiscint leathan phraiticiúil dom ar an mbeartas airgeadaíochta, ar fhorbairtí maicreacnamaíocha agus ar dhinimic institiúideach an Aontais Eorpaigh. Bhí sé de phribhléid agam a bheith ag obair i dtimpeallachtaí inar gá breithiúnas eacnamaíoch a chomhcheangal le feasacht pholaitiúil, déine anailíseach agus cumarsáid shoiléir – scileanna a mheasaim a bheith riachtanach chun rannchuidiú go héifeachtach le hobair BCE.

Dhírigh mo chonair ghairmiúil go comhsheasmhach ar bheartas eacnamaíoch agus airgeadais, ó chuaigh mé isteach i mBanc Náisiúnta na Cróite (Hrvatska narodna banka, HNB) in 1996 mar Stiúrthóir ar an Roinn Taighde. Le linn mo thréimhse mar Leas-Ghobharnóir (2000-2012), in éineacht le mo chomhghleacaithe, bhí mé i gceannas ar uirlisí macrastuamachta agus d'oibrigh mé go cinntitheach ar chomhdhlúthú an chórais baincéireachta sa Chróit, rud a chuidigh leis an gCróit teacht slán as an nGéarchéim Airgeadais Dhomhanda gan aon ghá le hathchaipitliú bainc (i.e. costas nialasach don bhuiséad agus do cháiníocóirí). Ag an am céanna, bhí ról lárnach agam le linn aontachas na Cróite leis an Aontas, mar Leas-Phríomh-Idirbheartaí. Tar éis dom a bheith ceaptha i mo Ghobharnóir in 2012 (tá mé i mo thríú téarma anois sa ról), d'éirigh leis an gCróit dul isteach san Aontas Baincéireachta agus sa limistéar euro. Tá comhar baincéireachta trasteorann á mholadh agus á chur chun cinn go gníomhach agam freisin, lena n-áirítear comhar idir maoirseoirí réigiúnacha agus contrapháirtithe idirnáisiúnta faoi Thionscnamh Vín 2.0, a bhfuil mé i mo chathaoirleach air ó bhí 2016 ann. Leis na róil sin, bhí gá le tuiscint láidir ar naisc mhacrairgeadais, ar an idirghníomhaíocht idir margaí agus institiúidí, agus ar dhúshláin phraiticiúla a bhaineann le creataí beartais éifeachtacha a cheapadh.

I bhfianaise an mhéid sin, tá taithí shuntasach idirnáisiúnta agus Eorpach faighte agam. Rinne mé ionadaíocht thar ceann m'institiúide in idirphlé le hinstitiúidí an Aontais, leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus d'oibrigh mé i suíomhanna ina bhfuil sé ríthábhachtach peirspictíochtaí náisiúnta a ailíniú le tosaíochtaí Eorpacha. Leis an taithí sin, is mór an tuiscint agam ar an gcastacht a bhaineann le comhdhearcadh a chothú san Aontas, agus an tábhacht a bhaineann le hinstitiúidí amhail BCE chun cobhsaíocht, intuarthacht agus muinín a choinneáil ar fud an Aontais.

Ar fud na ról sin go léir, d'fhoghlaim mé go n-éilíonn ceapadh beartas éifeachtach nach amháin fondúireachtaí anailíseacha láidre, ach an cumas éisteacht, saincheisteanna casta a mhíniú go soiléir, agus naisc a chruthú i measc dearcthaí éagsúla. Is buanna iad sin a thabharfainn liom go BCE, mar aon le tiomantas láidir don Eoraip agus do na prionsabail is bonn lenár n-aontas airgeadaíochta.

2. *An bhfuil aon ghabháltas gnó nó airgeadais agat nó aon ghealltanas eile a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le do dhualgais ionchasacha, agus an bhfuil aon toisc phearsanta nó toisc ábhartha eile ann a chaithfidh an Pharlaimint a chur san áireamh agus do cheapachán á bhreithniú?*

Níl.

3. *Cad iad na cuspóirí treoracha a shaothróidh tú le linn do shainordaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE)?*

Dá gcuirfí sainordú de chúram orm ag BCE, is é an cuspóir treorach a bheadh agam rannchuidiú le beartas airgeadaíochta a fhónann do shaoránaigh uile an limistéir euro. Chuige sin, ní mór béim shoiléir bhuanseasmhach a choinneáil ar chobhsaíocht praghsanna – an príomhchuspóir atá againn – agus ar an gcobhsaíocht airgeadais a chosaint, rud atá ríthábhachtach chun an beartas airgeadaíochta a tharchur go héifeachtach agus d'athléimneacht ár ngeilleagar.

Is é mo chúlra gairmiúil a mhúnlaigh an diongbháilteacht sin. Tá mé i mo Ghobharnóir nó Leas-Ghobharnóir ar Bhanc Náisiúnta na Cróite go leanúnach ó bhí mí Iúil 2000 ann. Le linn na tréimhse fada sin, bhí ar an gCróit aghaidh a thabhairt ar roinnt suaití agus géarchéimeanna móra a bhí ag bagairt ár ngeilleagar agus ár gcóras airgeadais a dhíchobhsú. D'ainneoin mhéid bheag agus leochaileacht bhunúsach gheilleagar na Cróite, d'éirigh linn teacht slán as na suaití sin go léir inár n-aonar, gan a bheith ag brath ar thacaíocht airgeadais sheachtrach. Chun an t-éacht sin a bhaint amach, ba ríthábhachtach díriú go soiléir ar chuspóirí an bhainc ceannais agus gníomhú go pras leis na hionstraimí atá ar fáil nuair atá na cuspóirí sin i mbaol. Is féidir na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm go díreach ar leibhéal an limistéir euro: fiú in aontas airgeadaíochta atá i bhfad níos mó agus níos casta, is í soiléireacht cuspóra bunchloch na baincéireachta ceannais éifeachtaí i gcónaí.

Tá sé sin léirithe arís agus arís eile ag BCE ó cruthaíodh é. Tá dea-cháil bainte amach aige mar bhainisteoir cumhachtach géarchéime, a raibh ról lárnach aige maidir le dul i ngleic le géarchéimeanna móra, go háirithe géarchéim fiachais cheannasaigh an limistéir euro agus géarchéim na paindéime. Le déanaí, bhain sé a phríomhchuspóir amach nuair a d'éirigh leis srian a chur le boilsciú ard trí aistriú chuig beartas docht airgeadaíochta. Mar Leas-Uachtarán BCE, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle Rialaithe agus sa Bhord Feidhmiúcháin chun leanúint de chuntas teiste rathúil BCE. Sa ról sin, chuirfinn an-bhéim ar neamhspleáchas BCE a chosaint agus ar a chuntasacht do Pharlaimint na hEorpa a urramú go hiomlán ag an am céanna.

Ar choinníoll go mbainfear amach ár bpríomhchuspóir, ba cheart dúinn tacú le beartais níos leithne a fhéachann le hiomaíochas agus athléimneacht an Aontais a fheabhsú. Go háirithe, tá na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair chun an t-aontas coigiltis agus infheistíochta a chruthú an-iomchuí, ós rud é gurb é an phríomhsprioc atá acu feabhas suntasach a chur ar infhaighteacht maoinithe do chuideachtaí nuálacha, réimse ina bhfuil an tAontas go mór chun deiridh ar a phríomhiomaitheoirí domhanda. Chuideodh na hiarrachtaí sin freisin le tarchur níos rianúla an bheartais airgeadaíochta sa limistéar euro. Ó thaobh BCE de, tá sé chomh tábhachtach céanna an t-aontas baincéireachta a thabhairt chun críche toisc go laghdódh sé a thuilleadh an baol go mbeadh fáinní fí diúltacha ann idir na bainc agus fiachas ceannasach, rud, mar a chonaiceamar roimhe seo, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint go mór de chobhsaíocht an aontais eacnamaíoch

agus airgeadaíochta. Thairis sin, leanfaidh BCE dá iarrachtaí athléimneacht an chórais airgeadais a fhorbairt i gcoinne éifeachtaí an athraithe aeráide. Le dhá bhliain anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag BCE i ndáil leis sin, ós rud é go bhfuil rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an dúlra leabaithe i ngníomhaíochtaí rialta i dtrí phríomhréimse inniúlachta BCE, mar atá, beartas airgeadaíochta, cobhsaíocht airgeadais agus maoirseacht baincéireachta. Ar deireadh, rannchuideoidh BCE go díreach leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun athléimneacht agus uathriail straitéiseach na hEorpa a fheabhsú tríd an euro digiteach a fhorbairt, rud a bheidh ina rogha mhór mhalartach ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta eachtracha atá i gceannas ar an margadh faoi láthair.

Mar sin féin, ba cheart dúinn a bheith cúramach nach rachaidh tionscnaimh chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú chun dochair don chobhsaíocht airgeadais. Go sonrach, ní dócha go gcuirfeadh maolú ar rialacháin stuamachta borradh faoi iasachtú na mbanc. Léirítear sa suirbhé ar iasachtú bainc sa limistéar euro nach toisc ábhartha iad srianta caipitil chun iasachtú bainc a ghéarú le blianta beaga anuas, ós rud é go bhfuil na bainc dea-chaipitlithe. Os a choinne sin, ba thosca cinntitheacha iad lamháltas riosca, braistint riosca agus iomaíocht na mbanc. Dá bhrí sin, dá laghdófaí ceanglais chaipitil, ní bheadh de thoradh air sin ach giaráil níos airde agus níos lú athléimneachta, rud nach bhfuil údar leis más mian linn institiúidí airgeadais fónta a bheith ann atá in ann an geilleagar a chistiú agus a bheith athléimneach i gcoinne suaití ag an am céanna.

4. *Bheifeá ar an gcéad chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE ó Lár agus Oirthear na hEorpa. Cad é do mheas ar an bhforbairt sin, agus cad iad na peirspictíochtaí nó na cineálacha cur chuige nua a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hobair an Bhoird mar gheall ar an gcúlra sin, dar leat?*

Measaim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh Bord Feidhmiúcháin BCE ina léiriú ar éagsúlacht an Eurochórais – a inniúlachtaí, a thaithí, a scileanna, a chothromaíocht gheografach agus idir inscní. Cuireann an éagsúlacht sin le plé an Bhoird agus neartaíonn sí dlisteanacht BCE i súile mhuintir uile na hEorpa.

Le fiche bliain anuas, chonaiceamar leathnú an limistéir euro chuig Tíortha na hEorpa Láir agus Thoir (TELT) (an tSlóivéin 2007, an tSlóvaic 2009, an Eastóin 2011, an Laitvia 2014, an Liotuáin 2015, an Chróit 2023 agus an Bhulgáir 2026), ar tíortha iad a bhfuil 6.7 % de dhaonra an limistéir euro ina chónaí iontu agus atá freagrach as 3.6 % de OTI an limistéir euro. Dá bhrí sin, déarfainn nach aon ionadh é go bhfuil toil pholaitiúil ann duine ó na tíortha beaga i réigiún TELT (a tháinig isteach sa limistéar euro tar éis 1999) a chur ar an mBord Feidhmiúcháin. Creidim go gcuireann roghnúchán comhalta ó thír bheag ó réigiún TELT leis an tábhacht a bhaineann le tuairimí agus dearcthaí a chur san áireamh ó thaobh geilleagar beag oscailte de. Uaireanta, meastar go bhfuil tíortha na hEorpa Láir agus Thoir ar imeall phróisis chinnteoireachta na hEorpa, agus uaireanta ní bhíonn ionadaíocht iomlán ag a leasanna in institiúidí an Aontais. Is dócha go gcabhródh comhalta ó thíortha na hEorpa Láir agus Thoir leis an mbearna sin a dhúnadh, rud a chothódh níos mó muiníne i mbeartais BCE laistigh de na tíortha sin. D'fhéadfadh sé cuidiú freisin le creidiúnacht BCE a threisiú i réigiúin ina bhféadfadh daoine a bheith den tuairim go ndéantar neamhaird ar a n-ábhair imní i gcinntí níos leithne maidir leis an limistéar euro.

Mar is eol daoibh go léir, tá a chomhthéacs eacnamaíoch uathúil féin ag réigiún TELT i gcomparáid le hIarthar na hEorpa. Le blianta fada anuas, tá go leor tíortha i réigiún TELT ag aistriú ó gheilleagair atá lárphleanáilte go geilleagair mhargaidh. Tá fás tapa tagtha ar an réigiún

le blianta beaga anuas, ach tá dúshláin fós le sárú aige amhail éagothromaíochtaí ioncaim, leibhéil éagsúla forbartha eacnamaíche, agus riachtanais airgeadaíochta agus fhioscacha ar leith. Trí pheirspictíocht TELT a thabhairt liom go BCE, thabharfaí isteach tuiscint níos caolchúisí ar dhinimic an fháis eacnamaíoch i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn.

Ina theannta sin, tar éis dom a bheith ag obair le fada i dtimpeallacht mhaoirseachta 'tír óstach' – rud atá i gcoiteann ag go leor Ballstáit bheaga sa limistéar euro – thabharfainn tuiscint phraiticiúil ar an gcaoi ar féidir le rioscaí cobhsaíochta airgeadais teacht chun cinn i gcórais bheaga a bhfuil ceannas ag na bainc orthu, agus ar an gcaoi ar féidir le dlúthchomhar idir údaráis náisiúnta agus Eorpacha iad a mhaolú. Comhlánaíonn an cur chuige sin peirspictíochtaí na gcomhghleacaithe a thagann ó chórais airgeadais níos mó agus níos margadhbhunaithe.

Ar bhonn níos leithne, táim suite de gur féidir le comhalta Boird a bhfuil taithí fhada aige i Lár agus in Oirthear na hEorpa cuidiú le muinín as beartais BCE a neartú ar fud an Aontais ar fad agus a léiriú go bhfuil na Ballstáit uile – idir mhór agus bheag, idir na cinn a tháinig isteach go luath agus iad a tháinig isteach níos déanaí – mar chuid iomlán de chinnteoireacht an limistéir euro. Tugann sé comhartha dearfach freisin do thíortha atá ar an mbealach i dtreo an euro a ghlacadh go dtuigtear a ndearcthaí agus go dtugtar aird cheart orthu.

Ag an am céanna, ní bhraithfinn go bhfuil mé féin mar ionadaí ar aon réigiún ar leith. Ní mór do chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin gníomhú ar mhaithe le leas an limistéir euro ina iomláine. Bheadh sé d'aidhm agam rannchuidiú go cuiditheach le hobair chomhchoiteann an Bhoird trí dhéine anailíseach, oscailteacht do dhearcthaí éagsúla agus tiomantas domhain d'institiúidí agus do luachanna comhroinnte na hEorpa a thabhairt isteach.

Tríd is tríd, sílim go bhféadfaí obair BCE a shaibhriú trí chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin ó thír san Eoraip Láir agus Thoir a chur leis trí pheirspictíocht níos leithne, níos cuimsithí a chur ar fáil maidir le beartas eacnamaíoch agus dúshláin réigiúnacha. D'fhéadfadh beartais níos spriocdhírithe a bheith mar thoradh air sin lena gcothófaí cobhsaíocht agus fás foriomlán na hEorpa, agus sainiúlachtaí na ngeilleagar éagsúil laistigh den limistéar euro á gcur san áireamh ag an am céanna.

B. Beartas airgeadaíochta BCE agus forbairtí eacnamaíocha

5. *D'athdhearbhaigh BCE sainiú siméadrach ar chobhsaíocht praghsanna sa mheántéarma. Conas ba cheart an gealltanas sin a chur chun feidhme agus a mheasúnú sa chleachtas nuair a imíonn an boilsciú go leanúnach ón sprioc mheántéarmach? Cad é do shainiú féin ar an 'meántéarma'?*

Tá sé tábhachtach a aithint gur freagracht lárnach de chuid BCE é 'cobhsaíocht praghsanna' a shainiú. In athbhreithniú 2003 ar straitéis BCE, sainíodh an sprioc bhoilscithe mar 'faoi bhun 2 %, ach gar do 2 %' – mionchoigeartú ar sprioc bhunaidh 1998 de 'faoi bhun 2 %'. Ba í an timpeallacht leanúnach ísealbhoilscithe a spreag an t-athbhreithniú ar an straitéis ina dhiaidh sin, in 2021, agus spreag sé athfhoirmliú eile ar an sainiú. Agus é á aithint aige go bhféadfadh an foirmliú 'faoi bhun 2 %, ach gar dó' a thabhairt le fios gur uasteorainn é 2 % agus, ar an gcaoi sin, go bhfuil an baol ann go ndéanfaí ionchais bhoilscithe fhadtéarmacha a dhídhaingniú, rinne BCE a chuspóir maidir le cobhsaíocht praghsanna a athshainiú mar sprioc shiméadrach boilscithe 2 % sa mheántéarma.

Tá an foirmliú nua sin simplí agus cuirtear in iúl go héasca é – léiríonn siméadracht na sprice go bhfuil diallais dhiúltacha agus dhearfacha ón sprioc chomh neamh-inmhianaithe céanna. Deimhníodh an sprioc shiméadrach sin sa mheasúnú straitéise is déanaí in 2025 agus aithníodh ag an am céanna timpeallacht atá ag éirí níos luainí sa tréimhse amach romhainn.

Ní mór aghaidh a thabhairt go láidir ar aon diallas mór marthanach sa bhoilsciú ón sprioc i gceachtar den dá threo chun nach ndaingneofar na diallais sin trí ionchais bhoilscithe dhídhaingnithe. Feidhmíonn ionchais bhoilscithe ardaithe i dtimpeallacht bhoilscithe go comhthimthriallach, rud a chruthaíonn brúnna boilscitheacha breise – spreagann fíor-rátaí níos ísle teaghlaigh chun caiteachas a mhéadú (coigilteas laghdaithe) agus gnólachtaí chun níos mó infheistíochta a dhéanamh, oibrithe chun pá níos airde a éileamh agus, go ginearálta, gnólachtaí chun a bpraghsanna a ardú. Dá bhrí sin, tá freagairt bheartais tosaigh láidir tús-ualaithe agus mionchoigeartú iomchuí ina dhiaidh sin ríthábhachtach chun dídhaingniú ionchas boilscithe a chosc agus chun éifeachtaí indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, agus ar an gcaoi sin creidiúnacht BCE a chaomhnú.

An easpa sainmhínithe bheacht, a dhéantar d'aon ghnó, ar an gcoincheap 'meántéarma' – ar gné thábhachtach den chuspóir maidir le cobhsaíocht praghsanna í – is léiriú é sin ar rogha BCE an tsolúbthacht straitéiseach is gá a choinneáil.

Feidhmíonn ceapadh beartas airgeadaíochta faoi éiginnteacht shubstaintiúil agus faoi éiginnteacht atá ag éirí níos mó, agus braitheann an fhreagairt bheartais iomchuí ar an iliomad suaití a spreagann diallas an bhoilscithe – cibé acu is suaití áitiúla nó coitianta iad, éileamh nó soláthar, buan nó neamhbhuan, agus mór nó beag. Baineann moilleanna agus éiginnteachtaí suntasacha agus athraitheacha le tarchur beartais freisin, rud a fhágann go bhfuil sainmhínithe ródhochta fritorthúil. Trí bhéim a leagan ar chobhsaíocht praghsanna sa mheántéarma gan tráthchláir bheachta a shonrú, caomhnaíonn BCE an tsolúbthacht chun a fhreagairt a chur in oiriúint do na dálaí atá i réim agus chun luaineacht iomarcach sa ghníomhaíocht eacnamaíoch agus sa bhoilsciú, mar gheall ar bheartas, a sheachaint. Mar sin féin, níor cheart mí-úsáid a bhaint as an tsolúbthacht sin ná níor cheart an iomarca brú a chur uirthi – aon iompraíocht de chuid an bhainc ceannais a mheastar a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de dhaingniú na n-ionchas boilscithe dá dtréigfí an gealltanas do chobhsaíocht praghsanna.

Maidir leis an sainiú ar 'mheántéarma', ní féidir é a shocrú i dtéarmaí ama féilire. Braitheann sé ar an suaitheadh atá roimh an mbanc ceannais. Dá mbeadh sainiú inghlactha ar an tréimhse 'mheántéarmach' ann, ghlacfaí leis go mbeadh sí gearr go leor chun go mbeadh sí ag teacht leis an am íosta a thógann sé ar bheartas airgeadaíochta tionchar substaintiúil a imirt ar bhoilsciú. Ach d'fhéadfadh an tréimhse a bheith níos faide dá mbeadh ar an mbanc ceannais aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sealadach ó thaobh an tsoláthair de, nach dócha go ndéanfaidh siad difear d'ionchais bhoilscithe. Sa chás sin, is féidir leis an mbanc ceannais a bheith níos foighní agus é ag freagairt fiú do shuaitheadh boilscitheach chun nach gcruthófar luaineacht iomarcach san fhás agus sa dífhostaíocht. Mar a fheiceann tú, is gá go mbeadh an sainiú spleách ar chomhthéacs, rud a thacaíonn leis an gcás don chur chuige solúbtha atá ann faoi láthair.

6. *I do thuairim, conas ba cheart do BCE freagairt ar bhorradh boilscithe a eascraíonn as suaití soláthair? Cad iad na ceachtanna a fhoghlaimíonn tú ó fhreagairt BCE ar an mborradh boilscithe tar éis na paindéime agus na géarchéime fuinnimh? Conas a mhúnlóidh na ceachtanna sin do chur chuige amach anseo?*

Tá sé tábhachtach i gcónaí go dtuigfeadh banc ceannais cén cineál suaití atá ag spreagadh an bhoilscithe agus freagairt bheartais iomchuí a shocrú dá réir sin.

Meastar go mbeidh éifeachtaí measartha gearr ar bhoilsciú ag suaití áirithe, amhail suaití fuinnimh (a aicmítear go minic mar 'shuaití soláthair'). I gcásanna den sórt sin, agus ar choinníoll nach meastar go ndéanfaidh siad ionchais bhoilscithe a dhíchobhsú, tá ciall le 'trébhreathnú ar' na suaití sin. Bíonn tionchar ag an mbeartas airgeadaíochta ar an ngeilleagar le moilleanna fada agus athraitheacha, mar sin níl údar le freagairt láidir a thabhairt ar shuaití sealadacha – rachadh tionchar an tsuaite i léig sula bhféadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí beartais ar bhoilsciú agus ar aschur. Dá bhrí sin, dá bhfreagrófaí go láidir do na suaití sealadacha sin ar thaobh an tsoláthair, thabharfaí isteach luaineacht nach bhfuil gá léi sa ghníomhaíocht eacnamaíoch, dhéanfaí dochar iomarcach don fhás agus mhéadófaí luaineacht bhoilscithe freisin.

Bheadh post baincéara ceannais simplí dá mbeadh a fhios againn cén cineál suaite a bhí ag cur isteach ar an ngeilleagar nó dá bhféadfaimis suaití amach anseo a thuar – ach is suaití iad sin, de réir a sainmhínithe, agus dá bhrí sin is minic a bhíonn acmhainneacht tarchurtha éiginnte ag baint leo. Mar sin, is minic a bhíonn sé dúshlánach cineálacha suaití a shainaithint i bhfíor-am. Thairis sin, d'fhéadfadh suaití soláthair sealadacha fiú, amhail suaití praghsanna fuinnimh, an geilleagar a bhualadh ina rabhartaí. Má mhaireann boilsciú ardaithe atá faoi thionchar an tsoláthair fada go leor, is féidir leis difear a dhéanamh d'ionchais bhoilscithe agus éifeachtaí indíreacha a spreagadh, rud a éilíonn freagairt ón mbanc ceannais.

Is dea-shampla i ndáil leis sin í an eipeasóid bhoilscitheach a tharla le déanaí (an borradh boilscithe tar éis na paindéime). Ar dtús, measadh go raibh an t-ardú de réir a chéile ar an mboilsciú neamhbhuan, ach bhí na suaití níos seasmhaí agus níos leithne ná mar a measadh. Ar deireadh, chruthaigh an boilsciú ó thaobh an tsoláthair de fadhbanna éilimh a d'fhéadfadh a bheith ann tríd an bhféidearthacht lúba aischothaithe a scaoileadh in
éagmais freagairt beartais airgeadaíochta a bhí láidir go leor. I ndeireadh na dála, bhí gá le gníomhaíocht bheartais láidir chun boilsciú a thabhairt ar ais chuig an sprioc agus chun srian a chur leis an mbaol go ndéanfaí ionchais bhoilscithe a dhídhaingniú ar an taobh aníos. Léirigh an taithí sin an léirmhíniú comhthéacs-shonrach ar chur chuige na trédhearcachta.

Aithnímid anois go bhfeidhmíonn an beartas airgeadaíochta i ndomhan níos míshocra inar dócha go dtarlóidh suaití soláthair níos minice mar gheall ar ilroinnt gheopholaitiúil, ar an athrú aeráide, agus ar shlabhraí soláthair atá ag athrú. Dá bhrí sin, ní mór an foirceadal traidisiúnta maidir le 'trébhreathnú ar' thurraingí soláthair a chur i bhfeidhm ar bhealach níos faichillí.

Mar fhocal scoir, má leanann ionchais bhoilscithe fhadtéarmacha de bheithdaingnithe tar éis suaití soláthair, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé fós inmharthana trébhreathnú orthu. Os a choinne sin, má tharlaíonn suaitheadh soláthair nó sraith díobh agus má spreagann siad éifeachtaí indíreacha nó má dhéanann siad difear d'ionchais bhoilscithe, tá gá le freagairt láidir gan beann ar chineál suaite – go háirithe i bhfianaise phríomhchuspóir BCE. Ní gá a rá, chun measúnú a dhéanamh ar chineál suaite agus chun a shásra iomadaithe a thuiscint go cruinn, nach mór dúinn ár gcreataí réamhaisnéise agus anailíseacha a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach.

7. *Le linn tréimhsí ina mbíonn leibhéil arda fiachais phoiblí ann, d'fhéadfadh BCE a bheith faoi bhrú rátaí úis a choinneáil siar nó leanúint de cheannacháin mhóra bannaí chun cabhrú leis na Ballstáit a bhfuil fiachais ollmhóra acu. Conas a théann tú i ngleic*

le hábhair imní den sórt sin maidir le 'ceannas fioscach'?

Tá beartas airgeadaíochta BCE á threorú ag a shainordú cobhsaíochta praghsanna, agus is gné institiúideach lárnach é neamhspleáchas ar údaráis fhioscacha atá ceaptha chun cásanna a chosc ina mbeidh an beartas airgeadaíochta á rialú ag riachtanais maoinithe fhioscaigh. Is iad na Ballstáit atá freagrach as an mbeartas fioscach. Dá bhfreagrófaí go díreach d'ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, dhéanfaí an deighilt institiúideach sin a dhoiléiriú agus bheadh an baol ann go mbainfí an bonn de neamhspleáchas BCE. Dá measfaí go bhfuil BCE ag coigeartú beartais chun freastal ar rialtais a bhfuil fiachais ollmhóra acu, lagódh sé sin dreasachtaí le haghaidh beartais fhioscacha fhónta agus athchóirithe fioscacha fónta, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'ionchais bhoilscithe, agus bheadh an baol ann go gcuirfí srian leis an mbeartas airgeadaíochta ar riachtanais mhaoinithe rialtais – go díreach an rud atá neamhspleáchas an bhainc ceannais ceaptha a chosc. Cuireadh i dtábhacht arís agus arís eile sa chumarsáid ó BCE nach féidir beartas airgeadaíochta a chur in ionad beartas fioscach inbhuanaithe.

In imthosca áirithe, tá ionstraimí urghnácha tugtha isteach ag BCE, lena n-áirítear ceannacháin bannaí rialtais ar mórscála faoi chláir éagsúla. Léirmhínigh roinnt breathnóirí iad sin mar fhreagairtí ar riachtanais mhaoinithe an rialtais, ach ba é an gá le cobhsaíocht praghsanna a chaomhnú agus tarchur rianúil beartais airgeadaíochta a chinntiú le linn tréimhsí boilscithe ísil tar éis na géarchéime airgeadais nó suaití urghnácha amhail an phaindéim a spreag iad. Is é sin le rá, freagraíonn BCE do bhagairtí ar a spriocanna beartais airgeadaíochta agus ar a tharchur, seachas d'fhadhbanna fioscacha – fiú nuair a thagann na bagairtí sin ó mhargaí bannaí ceannasacha. Mar shampla, le tabhairt isteach an tSásra um Chosaint Tarchurtha (TPI) in 2022, shoiléirigh BCE nach bhfreagróidh sé do mhéaduithe ar thoradh bannaí rialtais a bhfuil údar leo mar gheall ar bhuntosca maicreacnamaíocha, ach amháin do dhinimic mhí-ordúil gan údar a chuireann tarchur beartais airgeadaíochta i mbaol. Beidh cur chun feidhme TPI faoi réir critéir atá sainithe go soiléir, lena n-áirítear comhlíontacht na mBallstát le creat fioscach an Aontais.

Go hachomair, tá príomh-shainordú agus neamhspleáchas institiúideach BCE ceaptha go sonrach chun cosaint a thabhairt ar cheannasacht fhioscach agus chun creidiúnacht beartais airgeadaíochta a chaomhnú, fiú le linn tréimhsí ina bhfuil leibhéal ard fiachais phoiblí.

8. *Dá mbeadh cás ann ina dtitfeadh an boilsciú go leanúnach faoi bhun na sprice agus ina dtiocfadh méadú ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais, conas a mholfá dul i ngleic leis an gcomhbhabhtáil beartais sin?*

Aithnítear go sainráite sa straitéis athbhreithnithe um beartas airgeadaíochta gur réamhchoinníoll í an chobhsaíocht airgeadais le haghaidh cobhsaíocht praghsanna agus bunaítear léi creat coincheapúil soiléir chun breithnithe cobhsaíochta airgeadais a ionchorprú i bpléití maidir le beartas airgeadaíochta. Dá bhrí sin, ní cuspóir tánaisteach é cobhsaíocht airgeadais a chosaint ach is gné lárnach é chun cobhsaíocht praghsanna mharthanach a bhaint amach. Le córas airgeadais athléimneach, is féidir beartas airgeadaíochta a tharchur go leormhaith nuair is gá, rud a fhágann nach srian ar chobhsaíocht praghsanna í an chobhsaíocht airgeadais ach gur réamhriachtanas í le haghaidh beartas airgeadaíochta éifeachtach. Dá bhrí sin, is fearr comhbhabhtálacha féideartha a bhainistiú trí úsáid chomhlántach a bhaint as ionstraimí beartais macrastuamachta agus airgeadaíochta seachas tosaíocht a thabhairt do chuspóir amháin ar chostas an chuspóra eile.

Sa chás ar a dtugtar tuairisc, leanfainn prionsabal 'deighilt le comhordú': tuiscint shoiléir a

choinneáil ar na róil ar leith atá ag gach réimse beartais agus, ag an am céanna, a bheith go mór ar an eolas faoi cé chomh dlúth agus atá an dá dhúshlán idirnasctha. Ó thaobh an bheartais airgeadaíochta de, is é an túsphointe a bheadh ann leanúint de bheith dírithe go daingean ar phríomh-shainordú BCE maidir le cobhsaíocht praghsanna a sholáthar sa mheántéarma. Níl boilsciú fada faoi bhun na sprice neamhurchóideach – cruthaíonn sé an baol go lagófar ionchais bhoilscithe agus fágann sé go mbeidh sé níos deacra an sprioc a bhaint amach. Argóint a bheadh ann sin gur cheart cóiríocht airgeadaíochta a shaothrú ar bhealach atá spleách ar shonraí agus atá calabraithe go cúramach. An tráth céanna, ba cheart tacaíocht den sórt sin a cheapadh go soiléir mar thacaíocht choinníollach agus chomhréireach chun aon dearcadh maidir le maolú neamhiata a sheachaint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le rioscaí iomarcacha a thógáil nó praghsanna sócmhainní a bhoilsciú.

Idir an dá linn, ba cheart gur ar an mbeartas macrastuamachta a bheadh an príomhualach a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí airgeadais. Níor cheart go spreagfadh rioscaí cobhsaíochta airgeadais atá ag dul i méid athrú go huathoibríoch ar sheasamh an bheartais airgeadaíochta agus ar na dálaí airgeadais foriomlána. Ina ionad sin, is fearr iad a shrianadh trí uirlisí macrastuamachta agus maoirseachta spriocdhírithe a chur chun feidhme go tráthúil, agus iad comhcheangailte agus calabraithe ag brath ar fhoinse agus ar dhéine na rioscaí. Tá luach ar leith ag baint le forbairt luath spáis macrastuamachta. Neartaíonn sé athléimneacht baincéireachta agus caomhnaíonn sé bealach iasachtaithe bainc an tsásra tarchuir, rud a chaomhnaíonn lamháil inlíochta an bheartais airgeadaíochta agus a chuireann ar a chumas cobhsaíocht praghsanna a shaothrú gan a bheith srianta ag rioscaí cobhsaíochta airgeadais.

Ina theannta sin, tá an beartas macrastuamachta an-oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe riosca a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus chun freagairt go hiomchuí ar an leibhéal náisiúnta nuair is gá. Ó mo thaobhsa de, chun a chinntiú go n-oibreoidh na huirlisí sin sa treo inmhianaithe, tá sé tábhachtach cumhacht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta iad a chur chun feidhme go héifeachtach, agus tacaíonn BCE leis an bpróiseas sin trí idirphlé, trí chomhordú agus trí mhalartú dea-chleachtas i measc tíortha. I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach leanúint d'iarrachtaí BCE an creat macrastuamachta sa limistéar euro a thabhairt chun críche, go háirithe chun rialáil agus maoirseacht níos éifeachtaí ar idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc a chinntiú.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach forairdeall láidir macrastuamachta a choinneáil ar bun. Is sampla ábhartha í mo thír dhúchais, an Chróit: Bhí an Chróit ina ceannródaí i measc bainc cheannais náisiúnta maidir le bearta macrastuamachta a thabhairt isteach, maoláin chaipitil a fhorbairt go gníomhach agus rioscaí a bhainistiú go stuama.

Neartaigh na hiarrachtaí sin athléimneacht a hearnála baincéireachta fiú le linn tréimhsí suaite. Thug mo rannpháirtíocht phearsanta sna tionscnaimh sin léargas praiticiúil dom ar na nithe a fhágann go mbíonn beartais mhacrastuamachta éifeachtach – ó chalabrú cúramach agus luathghníomhaíocht go cumarsáid shoiléir agus dlúthchomhar le beartas airgeadaíochta agus le páirtithe leasmhara eile.

Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne freisin, i saol an lae inniu, go bhfuil cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach ríthábhachtach. Cuidíonn sé sin leis an réasúnaíocht is bonn le gach tacar beart a mhíniú agus cuireann sé i bhfios go láidir nach bhfuil beartais ag feidhmiú ar bhonn traschuspóirí. Ós a choinne sin, tá siad comhlántach d'aon turas: leis an mbeartas airgeadaíochta déantar praghsanna a chobhsú sa mheántéarma, agus cinntítear leis an mbeartas macrastuamachta go leanfaidh an córas airgeadais de bheith athléimneach go leor chun beartas

airgeadaíochta a tharchur go héifeachtach agus chun tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Treisítear an chomhlántacht sin a thuilleadh toisc go bhfágann earnáil airgeadais láidir gur féidir cobhsaíocht praghsanna a shaothrú go leanúnach leis an mbeartas airgeadaíochta gan an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol.

9. *Cad é do mheas ar straitéis chumarsáide BCE? An féidir tuilleadh feabhais a dhéanamh, lena n-áirítear táscairí níos ábhartha maidir le cobhsaíocht airgeadais agus praghsanna agus anailís fheabhsaithe ar chásanna a ionchorprú ina ráitis maidir le beartas airgeadaíochta?*

Tá forbairt shuntasach tagtha ar straitéis chumarsáide BCE le blianta beaga anuas agus, i mo thuairimse, tá sí bunaithe anois ar struchtúr atá i bhfad níos soiléire agus níos trédhearcaí. Ó rinneadh an t-athbhreithniú ar an straitéis, soláthraíonn an ráiteas beartais airgeadaíochta, an preasagallamh, an Feasachán Eacnamaíoch agus na cuntais beartais airgeadaíochta, i dteannta a chéile, creat cumarsáide comhleanúnach agus srathach. Chuir sé sin feabhas ar an tsoiléireacht do shainghrúpaí agus, ag an am céanna, rinne sé príomhtheachtaireachtaí níos inrochtana don phobal i gcoitinne. Is mór agam go háirithe na hiarrachtaí chun an ráiteas beartais airgeadaíochta a shimpliú agus chun insint níos struchtúrtha a chur i láthair maidir leis an ionchas eacnamaíoch, na rioscaí agus an réasúnaíocht bheartais. Chomh maith leis sin, chuidigh tabhairt isteach an chuspóra shimplí maidir le cobhsaíocht praghsanna san athbhreithniú ar straitéis 2021-22 le feabhas a chur ar an gcumarsáid. I measúnú 2025 ar an straitéis beartais airgeadaíochta, d'athdhearbhaigh BCE a thábhachtaí atá cumarsáid shoiléir agus chuir sé i bhfios go láidir go leanfaidh sé dá chur chuige a oiriúnú mar fhreagairt ar an timpeallacht chumarsáide atá ag teacht chun cinn.

Tá an timpeallacht ina ndéantar an beartas airgeadaíochta a stiúradh tar éis éirí níos éiginnte, agus fágann sé sin go bhfuil tábhacht mhór ag baint le cumarsáid shoiléir, thráthúil agus chomhsheasmhach. Dá bhrí sin, tá anailísí ar chásanna agus ar íogaireacht tar éis éirí níos tábhachtaí chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfreagraíonn BCE ar rioscaí a bhaineann leis an ionchas bonnlíne. Trí bhéim a leagan ar na cásanna sin – go háirithe nuair a bhíonn éiginnteacht ardaithe – cuidítear le rannpháirtithe sa mhargadh agus le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar choinníollacht cinntí beartais agus neartaítear cuntasacht BCE. Creidim gur féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chuspóir sin trí leanúint d'obair ar chásanna a chomhtháthú sa ráiteas beartais airgeadaíochta, nuair is iomchuí.

Tá deis ann freisin leanúint d'fheabhas a chur ar chur in iúl táscairí atá tábhachtach do mheasúnú na Comhairle Rialaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le coinníollacha airgeadais, tarchur an bheartais airgeadaíochta agus dáileadh rioscaí. I mo thuairimse, dá dtabharfaí áit níos sainráite do na táscairí sin sa ghnáthphacáiste cumarsáide – gan an iomarca eolais a thabhairt do lucht a léite – chuideofaí le míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann an Chomhairle Rialaithe sonraí isteach a ualú agus ar an gcaoi a múnlaíonn an éiginnteacht a cinntí. Threiseodh sé sin freisin an nasc tábhachtach idir trédhearcacht agus inchreidteacht.

Ar deireadh, is próiseas dhá threo fós í an chumarsáid. Trí éisteacht go cúramach le páirtithe leasmhara – lena n-áirítear saoránaigh, comhpháirtithe sóisialta agus Parlaimint na hEorpa – is féidir cabhrú le BCE a theachtaireachtaí a oiriúnú agus tuiscint ar an gcreat beartais airgeadaíochta a fheabhsú. Beidh infheistíocht leanúnach in uirlisí cumarsáide simplí, insamhlaithe agus amhairc ríthábhachtach chun muinín a choinneáil ar bun agus chun ionchais a dhaingniú. De réir mar a thagann athrú ar thimpeallacht na meán, tá sé tábhachtach leanúint

d'fhéachaint ar roghanna chun feabhas a chur ar chumarsáid, agus béim ar leith á leagan ar an bpobal i gcoitinne, ar réimse é sin inar cosúil gur féidir tuilleadh gnóthachan a dhéanamh. Dá gceapfaí mé, thacóinn go láidir leis na hiarrachtaí sin agus bheinn tiomanta i gcónaí páirt oscailte chuiditheach a ghlacadh i ngach cinneadh a bhaineann le cúrsaí cuntasachta.

10. *Cad é do mheas ar an tsraith reatha d'ionstraimí beartais airgeadaíochta atá ar fáil do BCE, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha a tugadh isteach le blianta beaga anuas? I do thuairim, conas is féidir úsáid na n-ionstraimí sin a leabú i gcreat rialachais lena gcosnaítear cuntasacht d'institiúidí daonlathacha gan srian a chur ar chumas BCE gníomhú go neamhspleách?*

Chomh maith le rátaí beartais BCE, arb iad an phríomhionstraim beartais airgeadaíochta iad chun cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach, tá roinnt ionstraimí beartais airgeadaíochta eile forbartha ag BCE le himeacht ama. Fónann na hionstraimí sin do cheann amháin nó don dá cheann de na cuspóirí seo a leanas: seasamh an bheartais airgeadaíochta a stiúradh nuair atá na rátaí beartais gar don chuimse íochtair agus/nó feidhmiú rianúil tharchur an bheartais airgeadaíochta a chaomhnú. Áirítear ar na hionstraimí sin oibríochtaí athmhaoiniúcháin níos fadtéarmaí, ceannacháin sócmhainní, rátaí úis diúltacha agus réamhthreoir. Ceapadh gach ceann de na hionstraimí sin chun aghaidh a thabhairt ar imthosca sonracha i gcás nach mbeadh coigeartuithe ar rátaí úis atá deimhneach leordhóthanach chun cobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun.

Rinneadh athbhreithniú cúramach ar úsáid na mbeart neamhchaighdeánach sin sa mheasúnú straitéise a rinne BCE le déanaí, agus aird á tabhairt nach amháin ar na ceachtanna ón tréimhse boilscithe íseal ach ar an mborradh boilscithe iarphaindéime freisin. I mo thuairimse, deimhníodh leis an measúnú sin a thábhachtaí atá sé sraith straitéisí éagsúil agus solúbtha a bheith ann. I gcás diallais mhóra mharthanacha bhoilscithe ón sprioc, bíodh sé os cionn na sprice nó faoina bun, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar gníomhaíocht beartais airgeadaíochta atá láidir nó leanúnach go hiomchuí chun dídhaingniú na n-ionchas boilscithe a chosc. Cé gurb iad rátaí beartais an chéad líne freagartha, uaireanta d'fhéadfadh sé gur ghá bearta eile a agairt chun cobhsaíocht praghsanna a chinntiú sa mheántéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, go bhfanfadh na hionstraimí sin mar chuid de shraith straitéisí BCE.

É sin ráite, ní mór úsáid beart neamhchaighdeánach a bheith comhréireach i gcónaí, i bhfianaise na bhfo-éifeachtaí níos mó a d'fhéadfadh a bheith acu i gcomparáid leis an mbeartas maidir le ráta caighdeánach. Sin é an fáth a gcuireann BCE measúnú cuimsitheach comhréireachta i bhfeidhm, rud a thugann le tuiscint go ndéantar measúnú ar na tairbhí agus ar na fo-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag bearta beartais airgeadaíochta, ar a n-idirghníomhaíocht agus ar a gcothromaíocht le himeacht ama. Tacaím go hiomlán leis an gcur chuige sin, ós rud é go ndéanann sé éifeachtacht an bheartais airgeadaíochta a choimirciú agus a chinntiú ag an am céanna go n-úsáidfear uirlisí ar bhealach tomhaiste agus freagrach.

Tá trédhearcacht agus cuntasacht ina gcomhlánú bunriachtanach ar an tsolúbthacht sin. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag BCE dearadh agus paraiméadair a chlár a mhíniú, anailísí fairsinge ar a módúlachtaí agus ar a n-éifeachtacht a fhoilsiú, agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis mhionsonraithe ar a chlár comhardaithe a chinntiú. Ag an am céanna, ní féidir roinnt gnéithe oibríochtúla a nochtadh gan an bonn a bhaint d'éifeachtacht na n-uirlisí féin. Tá sé tábhachtach an chothromaíocht sin a choinneáil ar bun – idir oscailteacht agus sláine an bheartais airgeadaíochta a chosaint. I ndeireadh na dála, is é an rud is tábhachtaí go leanfaidh BCE de

bheith cuntasach go hiomlán do Pharlaimint na hEorpa agus don phobal i gcoitinne, agus an neamhspleáchas is gá chun a shainordú a chomhlíonadh á chaomhnú ag an am céanna.

11. *Cuireann BCE níos mó béime ar chumarsáid mar uirlis bheartais. Cé mhéad éiginnteacht ba cheart do bhanc ceannais a chur in iúl go sainráite gan an bonn a bhaint d'inchreidteacht ná de chuntasacht?*

Tá méadú neamhghnách tagtha ar an éiginnteacht le blianta beaga anuas, rud atá ina léiriú ar an bpaindéim, an borradh boilscithe agus an teannas geopholaitiúil leanúnach. Aithnítear i measúnú straitéise 2025 go bhfuil athruithe struchtúracha leanúnacha ann a bhaineann leis an ngeopholaitíocht, leis an digitiú, leis an intleacht shaorga, leis an déimeagrafaíocht, leis an mbagairt ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus le hathruithe ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta. Tugann na hathruithe sin le fios go mbeidh an timpeallacht bhoilscithe fós éiginnte agus go bhféadfadh sí a bheith níos luainí. D'fhéadfadh spriocdhiallais níos mó sa dá threo a bheith mar thoradh air sin, rud a chruthaíonn dúshláin do stiúradh an bheartais airgeadaíochta. Mar aitheantas ar éiginnteacht atá ardaithe ó thaobh struchtúir de, cuireann BCE san áireamh nach amháin an chonair is dóchúla don bhoilsciú agus don gheilleagar, ach freisin rioscaí agus éiginnteacht a bhaineann leis, lena n-áirítear trí úsáid iomchuí a bhaint as anailísí cáis agus íogaireachta.

Is é sin an fáth freisin go bhfuil BCE tar éis aistriú i dtreo cur chuige 'cruinniú ar chruinniú' atá spleách ar shonraí chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Tá cinntí maidir leis an ráta úis bunaithe go háirithe ar an measúnú ar an ionchas boilscithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis, i bhfianaise na sonraí eacnamaíocha agus airgeadais atá ag teacht isteach, chomh maith le dinimic an bhoilscithe fholuitigh agus neart tharchur an bheartais airgeadaíochta.

I mo thuairimse, is cuid ríthábhachtach den bhaincéireacht cheannais nua-aimseartha é éiginnteacht a chur in iúl go sainráite. Ós rud é gur tionchair den chéad ord iad marthanacht an bhoilscithe agus neart an tarchuir airgeadaíochta ar chalabrú na conaire ráta, chuidigh an tosaíocht a tugadh do na tosca sin i gcumarsáid BCE le rannpháirtithe sa mhargadh ár bhfeidhm freagartha a thuiscint. Mar thoradh air sin, ní raibh creidiúnacht agus éifeachtacht BCE thíos leis mar gheall ar an timpeallacht éiginnte.

Ar deireadh, tá cur in iúl na héiginnteachta ina dhlúthchuid den chuntasacht freisin. Ní hamháin nach mór do BCE toradh a phléití a chur in iúl ach ní mór dó na tosca a chuir sé san áireamh agus é ag teacht ar a chinntí a chur in iúl freisin, lena n-áirítear a mheasúnú riosca. Dá bhrí sin, tá an trédhearcacht agus an chuntasacht fite fuaite le chéile agus treisíonn siad a chéile.

12. *Tá méadú ag teacht ar an tionchar a bhíonn ag forbairtí geopholaitiúla agus trádála ar dhinimic an bhoilscithe. Conas ba cheart do BCE na forbairtí sin a chur san áireamh ina chinntí maidir le beartas airgeadaíochta?*

D'fhéadfadh teannas geopholaitiúil agus cur isteach ar an trádáil idirnáisiúnta a bheith ina bpríomhfhoinsí suaití eacnamaíocha agus éiginnteachta, rud a mbeadh impleachtaí suntasacha aige don gheilleagar agus do chobhsaíocht praghsanna. Ar an gcúis sin, déanann BCE dlúthfhaireachán leanúnach ar fhorbairtí geopholaitiúla domhanda, ar thrádáil, agus ar na bealaí trína ndéanann siad difear do gheilleagar an limistéir euro agus don bhoilsciú. Ionchorpraítear

i réamh-mheastacháin fhoireann an Eurochórais an chonair is dóchúla don gheilleagar domhanda bunaithe ar thoimhdí dea-shainithe, lena n-áirítear ionchais mhargadhbhunaithe maidir le rátaí úis agus praghsanna fuinnimh amhail ola agus gás. Cuirtear san áireamh freisin rátaí taraife éifeachtacha a bhí i bhfeidhm tráth an scoithluacha réamh-mheasta.

I bhfianaise chastacht agus dhothuarthacht thimpeallacht gheopholaitiúil an lae inniu, tá sé ríthábhachtach freisin faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an éiginnteacht agus ar na rioscaí a bhaineann leis na réamh-mheastacháin bhonnlíne a spreagann sí. Comhlánaíonn BCE a réamh-mheastacháin bhonnlíne níos mó agus níos mó le measúnuithe riosca, le hanailísí íogaireachta agus le hanailísí ar chásanna. Mar shampla, áiríodh i gcleachtaí réamh-mheastacháin a rinneadh le déanaí measúnuithe tiomnaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ar bheartas taraife na Stát Aontaithe agus ag teannas geopholaitiúil méadaithe sa Mheánoirthear. Tá na huirlisí sin fíor-riachtanach chun tuiscint a fháil nach amháin ar chonair lárnach an gheilleagair a bhfuil coinne léi ach freisin ar raon na dtorthaí malartacha inchreidte – is breithniú tábhachtach é sin chun beartas airgeadaíochta a chalabrú i dtréimhsí éiginnteachta ardaithe.

Is féidir le forbairtí geopholaitiúla agus trádála difear a dhéanamh freisin don chobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear trí mhargaí tráchtearraí, meon riosca domhanda agus sreafaí airgeadais trasteorann. Déanann BCE meastóireacht rialta ar na rioscaí sin, lena n-áirítear ina Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais, chun a chinntiú go mbeidh cinntí beartais airgeadaíochta bunaithe ar mheasúnú leathan ar an timpeallacht mhacrairgeadais.

I mo thuairimse, leis an meascán sin de dhlúthfhaireachán, de mheasúnú riosca struchtúrtha agus d'anailís ar chásanna, cuirtear ar chumas BCE forbairtí geopholaitiúla agus trádála a chur san áireamh ina chinntí maidir leis an mbeartas airgeadaíochta ar bhealach trédhearcach, comhsheasmhach agus réamhbhreathnaitheach. Ós rud é go bhféadfadh éiginnteacht sa gheilleagar domhanda a bheith fós ard go ceann tamaill, beidh sé ríthábhachtach an cur chuige cuimsitheach sin a choinneáil ar bun chun cobhsaíocht praghsanna sa limistéar euro a chosaint.

13. *D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an athrú aeráide agus ag rioscaí a bhaineann leis an dúlra ar dhinimic an bhoilscithe agus ar an éiginnteacht eacnamaíoch. Cad é do mheas ar an ról atá sannta faoi láthair do na rioscaí sin in anailís agus i gcinnteoireacht BCE maidir leis an mbeartas airgeadaíochta agus conas ba cheart do BCE iad a ionchorprú ina shraith straitéisí? Ar cheart do BCE athbhreithniú a dhéanamh ar a chreat faireacháin ar chobhsaíocht praghsanna chun na rioscaí sin a chur san áireamh ar bhealach níos fearr? Conas a dhéanann tú freagairtí a chothromú le prionsabal 'neodracht an mhargaidh'?*

Tá an t-athrú aeráide agus díghrádú an dúlra ag múnlú na timpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn an beartas airgeadaíochta. D'fhéadfadh meascán de shuaitíi soláthair agus éilimh a bheith mar thoradh ar theagmhais aeráide níos minice agus níos foircní, rud a dhéanann difear d'aschur agus a mhéadaíonn luaineacht agus éiginnteacht bhoilscithe. Thar thréimhse níos faide, d'fhéadfadh éifeachtaí struchtúracha a bheith ag rioscaí fisiceacha méadaithe ar fhás fadtéarmach agus ar rátaí úis fadtéarmacha. I mo thuairimse, tá dul chun cinn tábhachtach déanta ag BCE maidir leis na rioscaí sin a ionchorprú ina anailís ar an mbeartas airgeadaíochta, ach mar gheall ar chineál athraitheach an athraithe aeráide, is gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an obair sin.

Sa bhreis ar anailís ar bheartas airgeadaíochta, ghníomhaigh BCE freisin chun na rioscaí sin a ionchorprú inár sraith straitéisí um chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta. Bhí ról fóinteach ag creat claonta an Eurochórais maidir le rioscaí a mhaolú agus astaíochtaí a bhaineann le punanna beartais airgeadaíochta bannaí corparáideacha a laghdú. Ó bhí 2023 ann, foilsíonn BCE agus bainc cheannais náisiúnta an Eurochórais nochtaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid gach bliain maidir le punanna beartais airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta ina n-ionchorpraítear táscaire nua maidir le spleáchais a bhaineann leis an dúlra ó bhí an t-eagrán deireanach ann. Tugadh isteach spriocanna eatramhacha dícharbónaithe in 2025 chun faireachán a dhéanamh ar chonair laghdaithe astaíochtaí na bpunann bannaí corparáideacha ar bhealach a thacaíonn le spriocanna Chomhaontú Pháras. Le déanaí, chinn BCE a chreat comhthaobhachta a oiriúnú trí thoisc aeráide a thabhairt isteach lena dtabharfar aghaidh ar éiginnteachtaí réamhbhreathnaitheacha a bhaineann leis an aeráid, rud a chuirfidh feabhas ar athléimneacht chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta. Ar deireadh, beidh sé d'aidhm ag dearadh an chreata oibríochtúil breithnithe a bhaineann leis an athrú aeráide a ionchorprú in oibríochtaí struchtúracha an bheartais airgeadaíochta.

Cé gurb é an phríomhfhreagracht atá ar rialtais gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun déileáil leis an athrú aeráide, cuireann BCE san áireamh, laistigh dá shainordú, impleachtaí an athraithe aeráide agus dhíghrádú an dúlra don bheartas airgeadaíochta agus don bhaincéireacht cheannais. Áirítear ar na huirlisí a úsáideann BCE sa chomhthéacs sin cur chuige samhailbhunaithe chun anailís a dhéanamh ar tharchur straitéisí dícharbónaithe, amhail cánacha carbóin, Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) agus cásanna ina bhfuil meascáin de bheartais chun bonn eolais a chur faoi na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus a úsáidtear mar chásanna maidir leis an mbonnlíne réamh-mheastacháin. Cuidíonn na hiarrachtaí sin lena chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr ann ar an gcaoi a múnlaíonn forbairtí aeráide dinimic agus tarchur an bhoilscithe mar bhonn eolais do chinntí beartais airgeadaíochta. Ós rud é gur dócha go dtarlóidh suaití aeráide níos minice, creidim go mbeidh sé fós tábhachtach na rioscaí sin a léiriú sna hanailísí ar chásanna.

A mhéid a bhaineann le neodracht an mhargaidh, is uirlis oibríochtúil é sin seachas ceanglas dlíthiúil. Is féidir le neodracht an mhargaidh cuidiú lena chinntiú go gcomhlíonann idirghabhálacha BCE sa mhargadh prionsabal an gheilleagair margaidh oscailte. Mar sin féin, is féidir le BCE imeacht, agus údar cuí leis, ó phrionsabal neodracht an mhargaidh chun a chuspóirí a bhaint amach agus prionsabail an Chonartha a chomhlíonadh. Ós rud é gur ann do sheachtrachtaí aeráide, is gá athmhachnamh a dhéanamh ar choincheap na neodrachta margaidh. Is amhlaidh a bhí, mar shampla, nuair a chlaon BCE ceannacháin i gClár Ceannaithe na hEarnála Corparáidí i dtreo eisitheoirí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos fearr acu.

14. *Cad iad do thuairimí maidir leis an leibhéal reatha comhordúcháin idir na príomhbhainc cheannais ar an leibhéal idirnáisiúnta? Conas a athraíonn ionsaithe ar neamhspleáchas an bhainc ceannais i dtríú tíortha é sin, dar leat?*

Comhoibríonn na bainc cheannais mhóra inniu laistigh de líonra dlúth d'fhóraim idirnáisiúnta a bhfuil an iliomad dúshlán sáraithe aige, idir an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais agus CAI, agus grúpaí níos speisialaithe a dhíríonn ar íocaíochtaí, ar chobhsaíocht airgeadais agus ar chaighdeáin rialála. Tá sé cruthaithe arís agus arís eile an luach a bhaineann leis an gcomhar sin le linn tréimhsí struis dhomhanda, mar a chonacthas le linn na géarchéime airgeadais domhanda, agus, le déanaí, le linn na paindéime agus an tsuaite praghsanna fuinnimh tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Cé go ndéanann gach banc ceannais cinntí ar deireadh i gcomhréir lena shainordú náisiúnta agus lena chreat institiúideach, tá

comhthuiscint ann gur féidir le cumarsáid thrédhearcach, malartú rialta, comhroinnt anailíse agus – i gcás inarb iomchuí – gníomhaíochtaí comhpháirteacha beartais cuidiú le hiarmhairtí diúltacha a sheachaint agus rannchuidiú le cobhsaíocht dhomhanda airgeadaíochta agus airgeadais.

Dá bhrí sin, is cúis imní iad ionsaithe ar neamhspleáchas an bhainc ceannais i dtríú tíortha. Nuair a bhíonn an beartas airgeadaíochta faoi réir brúnna polaitiúla gearrthéarmacha – bíodh sé chun freastal ar riachtanais fhioscacha nó rátaí úis a choinneáil íseal go saorga – bíonn inchreidteacht thíos leis, bíonn an baol ann go bhfágfar ionchais bhoilscithe dídhaingnithe, agus d'fhéadfadh sé go n-éileodh margaí airgeadais biseach riosca níos airde.

Sa timpeallacht sin, ní mór, i mo thuairimse, na buntáistí a bhaineann le bainc cheannais neamhspleácha a athdhearbhú agus a léiriú. I ndáil leis sin, tacaím go hiomlán leis an ráiteas comhpháirteach a d'eisigh Uachtarán BCE Lagarde, thar ceann na Comhairle Rialaithe, agus baincéirí ceannais idirnáisiúnta eile an 13 Eanáir 2026. Ag an am céanna, tá leas mór ag BCE seasamh le hinstitiúidí agus fóraim a chuireann cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais chun cinn agus ní mór dó a chion féin a dhéanamh chun iad a choinneáil dea-fheidhmiúil agus láidir. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí caidreamh oibre seasta cuiditheach a choinneáil ar bun le contrapháirtithe uile na mbanc ceannais chun córas airgeadais domhanda cobhsaí a chaomhnú – fiú i dtimpeallacht ina bhféadfadh brúnna polaitiúla a bheith éagsúil ó dhlínse go dlínse.

15. *Ní bhraitheann creat comhthaobhachta BCE go meicniúil ar rátálacha creidmheasa seachtracha agus tá leibhéal ard breithiúnais inmheánaigh i gceist leis. Conas ba cheart cuntasacht as na roghanna bainistithe riosca sin a chinntiú, go háirithe i bhfianaise na n-iarmhairtí eacnamaíocha, dáileacháin agus polaitiúla a d'fhéadfadh a bheith acu?*

Is colún tábhachtach iad ceanglais chomhthaobhachta d'aon cheann d'oibríochtaí creidmheasa BCE chun BCE a chosaint ar an riosca airgeadais a bhaineann leis na hoibríochtaí sin. Sainordaítear le hAirteagal 18.1 de Reacht CEBC agus BCE nach féidir iasachtú do bhainc trí oibríochtaí athmhaoiniúcháin a sholáthar ach amháin i gcoinne comhthaobhacht leordhóthanach. Chun a chinntiú go bhfuil an chomhthaobhacht leordhóthanach, cuireann an tEurochóras critéir incháilitheachta i bhfeidhm lena n-áirítear creat measúnaithe creidmheasa seanbhunaithe, a tharraingíonn ar fhoinsí iomadúla faisnéise agus a ionchorpraíonn breithiúnas inmheánach, rud atá fíor-riachtanach toisc gur féidir le spleáchas meicniúil ar rátálacha creidmheasa seachtracha – go háirithe i gcás bannaí ceannasacha – cur chun feidhme rianúil an bheartais airgeadaíochta a chur i mbaol agus a fhágáil go bhfuil baol ann go spreagfaí 'éifeachtaí aille' géara.

Sa chleachtas, is féidir discréid na Comhairle Rialaithe a chur i bhfeidhm tar éis ualú domhain a dhéanamh ar chomhbhabhtálacha idir beartas (e.g. leordhóthanacht comhthaobhachta a chinntiú i gcomhréir leis an seasamh atá i réim maidir le beartas airgeadaíochta) agus breithnithe bainistithe riosca.

Mar chuid de bhearta BCE a bhaineann leis an nGéarchéim Airgeadais Dhomhanda, le géarchéim fiachais cheannaigh an limistéir euro ina dhiaidh sin agus le déanaí le géarchéim na paindéime, tugadh isteach bearta lánroghnacha sealadacha i bhfoirm tarscaoiltí tírshonracha. Bhí baint acu le clár cúnaimh airgeadais a bheith ann lena mbaineann coinníollacht, i measc

nithe eile, maidir le spriocanna fioscacha a bhaint amach, agus bhí baint acu freisin le feidhmiú an mhargaidh agus le breithnithe bainistithe riosca. An tráth céanna, nuair a measadh gur sháraigh glacadh leanúnach bannaí ceannasacha áirithe a oibleagáid reachtúil gan glacadh ach le comhthaobhacht leordhóthanach, níor glacadh leis na sócmhainní sin a thuilleadh.

Maidir le gach diallas sealadach, bhí BCE trédhearcach agus mhínigh sé a chinntí do shaoránaigh an Aontais agus dá n-ionadaithe tofa, Feisirí Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an struchtúr cuntasachta. Thairis sin, i bhfianaise an róil lárnaigh atá ag rátálacha ceannasacha sa chóras airgeadais agus ina chreat comhthaobhachta, déanann an tEurochóras dícheall cuí domhain go rialta maidir leis na rátálacha uile a sholáthraíonn gníomhaireachtaí rátála a bhfuil glacadh leo.

I mo thuairimse, tá cothromaíocht mhaith sa chreat atá ann faoi láthair: cinntíonn sé bainistíocht riosca láidir agus, ag an am céanna, tugtar solúbthacht leordhóthanach do BCE chun tarchur beartais airgeadaíochta a choimirciú i gcásanna eisceachtúla.

16. *Tá béim leagtha ag BCE ar chur chuige ‘cruinniú ar chruinniú’ i leith cinntí beartais airgeadaíochta. Cad iad do thuairimí maidir le húsáideacht na réamhthreorach mar uirlis beartais airgeadaíochta?*

Ós rud é go bhfeidhmíonn an beartas airgeadaíochta i dtimpeallacht eacnamaíoch atá ag éirí níos éiginnte agus níos athraithí, tá an bealach a gcuirimid ár ngníomhaíochtaí reatha agus ár ngníomhaíochtaí amach anseo in iúl á oiriúnú dá réir freisin. Thug an Banc Ceannais Eorpach réamhthreoir isteach in 2013, i bhfianaise timpeallacht ina raibh boilsciú íseal (agus ráta beartais a bhí beagnach nialasach), mar uirlis chun a chur in iúl go bhfanfadh rátaí íseal ar feadh tréimhse fhada chun tacú le fás agus boilsciú. Nuair a chuireann suaití aontaobhacha leanúnacha an geilleagar i dtreo na cuimse íochtair éifeachtaí, is féidir le réamhthreoir muinín a threisiú go leanfaidh an beartas de bheith réidh go leor chun na brúnna sin a fhritháireamh. Ach laghdaítear éifeachtacht na réamhthreorach nuair a bhíonn rioscaí déthaobhacha roimh an mbanc ceannais agus nuair a ardaítear éiginnteacht maidir le marthanacht suaití boilscitheacha, toisc gur féidir leis an dóchúlacht go gcuirfear moill ar chur i bhfeidhm beartais ardú go tapa faoi na dálaí sin. Sa timpeallacht dheireanach sin, d’fhéadfadh an réamhghealltanas sin a bheith ródhian ar an mbanc ceannais agus, dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé a bheith fritorthúil. I dtimpeallacht den sórt sin, tá an tsolúbthacht de dhíth ar bhainc cheannais chun gníomhú bunaithe ar na sonraí atá ar fáil, agus timpeallacht atá ag athrú go tapa á cur san áireamh agus cur chuige ‘cruinniú ar chruinniú’ á ghlacadh.

Léirigh an borradh boilscithe go bhfuil sé deacair boilsciú a thuar, de réir a chineáil, le linn tréimhsí suaití móra agus iomadúla. Cás den chineál sin is ea an chéim láithreach tar éis COVID-19. De réir mar a leathnaigh earráidí réamhaisnéise agus de réir mar a d’fhág éiginnteacht mhéadaithe gur ghá athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar an ionchas, ghlac BCE cur chuige ‘cruinniú ar chruinniú’ i mí Iúil 2022, inar leagadh béim ar an ról atá ag sonraí isteach maidir le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais airgeadaíochta. Rud atá tábhachtach, ní thugtar treoshuíomh siarbhreathnaitheach le tuiscint leis an gcreat seo; dírítear go daingean ar an meántéarma i gcónaí. Níor cheart spleáchas ar shonraí a mheascadh le spleáchas ar phointí sonraí ach oiread, ós rud é go léiríonn staid fholuiteach an gheilleagair an t-idirghníomhú idir an iliomad tosca. Cé gur cuireadh réamhthreoir maidir le rátaí ar fionraí le linn na tréimhse sin mar gheall ar imthosca a bhí ag athrú go tapa agus mar gheall ar éiginnteacht eisceachtúil, lean BCE de thrédhearcacht a sholáthar maidir lena phróiseas cinnteoireachta. I mí an Mhárta 2023,

shoiléirigh sé a fheidhm frithghnímh trí bhíthin creat ina raibh trí eilimint: an t-ionchas boilscithe, dinimic an bhoilscithe fholuitigh, agus neart tharchur an bheartais airgeadaíochta. Tar éis mheasúnú straitéise 2025, rinneadh rioscaí a bhaineann leis an ionchas a ionchorprú go foirmiúil chun béim a leagan ar ról na héiginnteachta i gceapadh beartas. Leis an gcur chuige ‘cruinniú ar chruinniú’ atá spleách ar shonraí, bhíomar in ann díriú ar an mboilsciú arís trí chur ar ár gcumas freagairt go tapa do thimpeallacht atá ag athrú go tapa agus roghnaíocht iomlán a choinneáil inár gcinntí maidir le hathruithe ar rátaí.

Mar fhocal scoir, ba cheart dálaí maicreacnamaíocha atá ag athrú go leanúnach a chur san áireamh agus ionstraimí beartais á roghnú, á gceapadh agus á n-úsáid agus an tsolúbthacht is gá chun freagairt go pras do shuaitíí nua á caomhnú ag an am céanna.

17. *I bhfianaise difríochtaí leanúnacha trastíre i ndinimic an bhoilscithe laistigh den limistéar euro, conas ba cheart do BCE scaipeadh boilscithe a léirmhíniú agus beartas á chalabrú aige, agus an measann tú go gcruthaíonn méadú an limistéir euro amach anseo castacht fhóinteach i dtaca le seasamh airgeadaíochta aonair comhleanúnach a choinneáil ar bun?*

Tá beartas airgeadaíochta an Bhainc Cheannais Eorpaigh dírithe ar an limistéar euro ina iomláine, seachas ar na Ballstáit aonair. Is léiriú é an treoshuíomh uile-limistéir sin ar chreat institiúideach an aontais airgeadaíochta agus ar na srianta praiticiúla a bhaineann le beartas airgeadaíochta aonair a oibriú ar fud geilleagair éagsúla. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil méid áirithe ilchineálachta ar fud na dtíortha dosheachanta ach tá sé inghlactha freisin laistigh den chreat sin, go háirithe nuair a eascraíonn an ilchineálacht sin as dinimic chóineasaithe laistigh den Aontas. Rud atá tábhachtach, ní thugann an fhianaise le fios go bhfuil ilchineálacht trastíre an bhoilscithe nó na luaineachta timthrialla gnó tar éis leibhéil a bhaint amach a d’fhágfadh go mbeadh an t-airgeadra coiteann mí-oiriúnach d’aon Bhallstát, nó a chruthódh teannas bunúsach i measc tíortha maidir le seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta.

Maidir le hábharthacht na suaitíí neamhshiméadracha a bhaineann le méadú an limistéir euro, léirítear in anailísí inmheánacha a rinne HNB go raibh Ballstáit nua comhtháite go maith i ngeilleagar an limistéir euro roimh ghlacadh, le timthriallta gnó atá ailínithe go dlúth le timthriallta gnó na mBallstát atá sa limistéar euro cheana féin. Ina theannta sin, cuireann beartas airgeadaíochta agus socruithe ráta malairte roimh ghlacadh an euro, amhail córais boird airgeadra nó cúlchnapanna a ndéantar dianbhainistiú orthu, béim bhreise ar an bhfíoras gur comhaltaí nádúrtha den limistéar airgeadra aonair iad iontrálaithe nua. I gcás na mBallstát nua sin, maidir le tábhacht choibhneasta na suaitíí siméadracha ar fud an limistéir euro, rud lenar cheart timthriallta gnó agus forbairtí boilscithe ar fud na dtíortha a ailíniú, is rud é sin atá suntasach, atá ag méadú le himeacht ama, agus atá inchomparáide den chuid is mó leis an tábhacht a thugtar faoi deara i mBallstáit bheaga eile. Tá an patrún sin comhsheasmhach le hipitéis inginiúlachta theoiric an Limistéir Airgeadra Optam, ina ndeirtear go bhféadfadh méadú teacht ar thábhacht choibhneasta suaitíí siméadracha tar éis do thír an t-airgeadra coiteann a ghlacadh. Is é an sásra bunúsach go bhfeabhsaíonn comhtháthú airgeadaíochta naisc thrádála agus go gcuireann sé sreafaí infheistíochta trasteorann chun cinn, rud a dhoimhníonn naisc eacnamaíocha le himeacht ama. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gur geilleagair sách beag iad na Ballstáit nua a tháinig isteach le déanaí, lena n-áirítear an Bhulgáir agus an Chróit, arb iad na Ballstáit is déanaí iad, agus nach bhfuil ach tionchar teoranta acu ar na comhiomláin uile-limistéir a threoraíonn cinntí beartais airgeadaíochta.

D'ainneoin na bhforbairtí ginearálta sin, tá éagsúlacht shuntasach áirithe le feiceáil sna difreálaigh bhoilscithe ar fud thíortha an limistéir euro le blianta beaga anuas. Bhí na difreálaigh sin thar a bheith suntasach ag buaicphointe na heachtra boilscithe le déanaí, arbh iad éagsúlachtaí san fhuinneamh ba chúis leo go príomha, ach bhí baint ag boilsciú bia agus seirbhísí leo freisin. Le déanaí, áfach, tá na difreálaigh sin cobhsaí den chuid is mó, rud a thugann le fios go raibh cuid mhór den éagsúlacht a bhí le feiceáil timthriallach ó thaobh cineáil de agus go bhfuil comhleanúnachas timthrialla gnó fós ina thoisc thábhachtach chun torthaí boilscithe a chinneadh ar fud an limistéir. Tá ról ag feidhmíocht eacnamaíoch thimthriallach freisin: Thaifead an Chróit, an tSlóvaic nó an Spáinn, mar shampla, boilsciú os cionn an mheáin in éineacht le fás OTI os cionn an mheáin le linn na tréimhse le déanaí. Tá difreálaigh reatha an bhoilscithe fós beagán os cionn na meán stairiúil, rud a thugann le fios go bhféadfadh ról a bheith ag roinnt difríochtaí struchtúracha ar fud tíortha freisin – mar shampla, difríochtaí i ndálaí mhargadh an tsaothair, leibhéil éagsúla neamhchosanta ar sholáthairtí fuinnimh na Rúise (mar a thugtar faoi deara sna stáit Bhaltacha, mar shampla) nó difríochtaí i gcomhdhéanamh earnála ar fud na ngeilleagar.

Níl fadhbanna bunúsacha ag baint le difreálaigh bhoilscithe laistigh d'aontas airgeadaíochta, ar choinníoll go bhfanann siad measartha ó thaobh méide de. Go deimhin, bíonn coinne le difreálaigh den sórt sin nuair a eascraíonn siad as coigeartuithe sealadacha ar shuaití eacnamaíocha nó as próiseas nádúrtha an chóineasaithe réadaigh ar fud na mBallstát. Mar sin féin, bheadh éagsúlachtaí móra leanúnacha sa bhoilsciú ina n-ábhar imní, toisc go bhféadfaidís bac a chur ar tharchur aonfhoirmeach an bheartais airgeadaíochta ar fud an réimse. D'fhéadfadh leathnú suntasach fioscach i dtír ar leith, mar shampla, brúnna praghsanna intíre a ghiniúint nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go díreach leis an mbeartas airgeadaíochta aonair. Ar an gcaoi chéanna, dá mbeadh difríochtaí leanúnacha i ndinimic costas foluiteach nó dolúbthachtaí struchtúracha ann, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le héagsúlachtaí níos seasmhaí i gconairí boilscithe.

Ar na cúiseanna sin, is gá faireachán agus anailís leanúnach a dhéanamh ar dhifreálaigh bhoilscithe. Mar sin féin, ní mór a aithint go bhfuil an raon feidhme atá ag an mbeartas airgeadaíochta chun aghaidh a thabhairt go díreach ar éagsúlachtaí boilscithe trastíre fós teoranta. Is ar bheartais tíre atá an phríomhfhreagracht as forbairtí tírshonracha a bhainistiú, agus ní mór do na beartais sin treoshuíomh sheasamh bheartas airgeadaíochta BCE ar fud an limistéir a chomhlánú.

18. *Tá fás táirgiúlachta atá lag ó thaobh struchtúir de le sárú ag an Eoraip. Conas is féidir le BCE rannchuidiú le timpeallacht mhaicreacnamaíoch a thacaíonn le hinfheistíocht agus le foirmiú caipitil gan a shainordú a shárú?*

Is é príomhchuspóir BCE cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach sa limistéar euro. Is réamhriachtanas iad praghsanna cobhsaí don chobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais, rud atá fíor-riachtanach dá réir sin le haghaidh timpeallacht atá fabhrach don infheistíocht fhadtéarmach agus don rathúnas eacnamaíoch.

Laghdaíonn boilsciú ard rachmas, ioncam saothair agus an fíorthoradh ar chaipiteal, rud a dhíspreagann tomhaltas agus caiteachas infheistíochta teaghlach agus gnólachtaí. Os a choinne sin, is féidir le boilsciú ró-íseal a bheith ina chomhartha go bhfuil geilleagar mall ann agus, ar an gcaoi sin, dochar a dhéanamh do dhreasachtaí infheistíochta freisin. Le cobhsaíocht praghsanna, laghdaítear an éiginnteacht sin maidir le cumhacht cheannaigh amach anseo, rud a chuidíonn le gnólachtaí agus le teaghlaigh cinntí níos fadtéarmaí a dhéanamh maidir le

hinfheistíocht agus tomhaltas. Tacaíonn praghsanna cobhsaí freisin le leithdháileadh éifeachtúil acmhainní trí ligean do chomharthaí praghais coibhneasta oibriú ar bhealach níos soiléire agus trí shaobhadh a bhaineann le boilsciú ard nó luaineach a chosc.

Gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, tacóidh BCE leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, laistigh dá shainordú, is féidir le BCE tacú le tionscnaimh de chuid an Aontais atá dírithe ar infheistíocht a chothú, mar shampla trína shaineolas ar mhargaí airgeadais agus ar a gcomhtháthú a chomhroinnt. Déanann BCE amhlaidh go rialta ina chuid foilseachán, agus i gcruinnithe le hinstitiúidí Eorpacha eile agus leis na Ballstáit i gcomhthéacs fhóraim an Aontais.

Déanann BCE dlúthfhaireachán freisin ar fhorbairtí táirgiúlachta i gcomhthéacs a anailíse eacnamaíche. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ag an bpointe seo ós rud é go bhféadfadh an dul chun cinn teicneolaíoch a rinneadh le déanaí maidir leis an digitiú agus leis an intleacht shaorga tacú leis an táirgiúlacht agus tábhacht an chaipitil dholáimhsithe a mhéadú – chomh maith le saothar ardoilte agus pá gaolmhar – i gcoibhneas le caipiteal inláimhsithe.

C. Cobhsaíocht airgeadais agus maoirseacht

19. *Cad iad na dúshláin is tábhachtaí i réimse na cobhsaíochta airgeadais sa limistéar euro, dar leat? Conas a d'fhéadfadh BCE tacú ar bhealach níos éifeachtaí leis an gcomhrac i gcoinne na ndúshlán sin?*

Sa lá atá inniu ann, eascraíonn rioscaí cobhsaíochta airgeadais sa limistéar euro as an meascán d'éiginnteacht ard agus leochaileachtaí struchtúracha bunúsacha.

Ar an gcéad dul síos, is iad an teannas geopholaitiúil agus an ilroinnt gheo-eacnamaíoch atá ag dul i méid na príomhfhoinsí riosca, ós rud é gur féidir leo tionchar a imirt ar an bhfás amach anseo, luaineacht an mhargaidh a mhéadú agus dálaí maoiniúcháin a dhéanamh níos doichte.

Ar an dara dul síos, tá dúshláin fhioscacha i roinnt Ballstát fós ina bpríomhábhar imní. D'fhéadfadh leibhéil arda fiachais, méaduithe réamh-mheasta ar chosaint, ar bhonneagar agus ar chaiteachas sóisialta, mar aon le spás fioscach teoranta, muinín infheisteoirí a thástáil agus brú aníos a chur ar chostais chistiúcháin cheannasaigh. I bhfianaise na nasc láidir idir eisitheoirí ceannasacha, bainc agus an fiorgheilleagar, d'fhéadfadh na leochaileachtaí sin lúba aischothaithe díobhálacha a ghiniúint dá spreagfaí iad ag an am céanna.

Ar an tríú dul síos, tá na margaí airgeadais leochaileach do cheartúcháin ghéara. D'ainneoin éiginnteacht mhéadaithe gheopholaitiúil agus bheartais, tá an fonn riosca fós láidir agus is cosúil go bhfuil luachálacha sócmhainní (go háirithe i margaí
cothromais) faoi bhrú agus go bhfuil siad ag éirí níos comhchruinnithe, go háirithe maidir le gnólachtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga. Cruthaíonn sé sin an baol go ndéanfaí ceartúcháin mhargaidh thobanna, a d'fhéadfadh earnáil na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc a mhéadú i bhfianaise a neamhréireanna leachtachta agus a ngiarála leachtachta. Léiríonn forbairtí i margadh creidmheasa príobháideach na Stát Aontaithe agus cineál dianchaipitiúil an bhorrtha faoi IS freisin rioscaí a bhaineann le héifeacht an bhosca dhuibh, caighdeáin a bhaineann le frithghealladh a lagú, agus naisc níos déine idir bainc agus neamhbhainc. Dá dtiocfadh ionchais dhiúltacha a bhaineann leis an intleacht shaorga amach, d'fhéadfadh ceartú

géar i margaí na Stát Aontaithe leathnú amach chuig an limistéar euro trí neamhchosaintí trasteorann, bealaí margaidh, agus naisc idir bainc agus institiúidí airgeadais neamhbhainc. Chun glaonna ar éarlais a chomhlíonadh nó leachtacht a choinneáil ar bun, féadfaidh institiúidí airgeadais neamhbhainc ag a bhfuil neamhchosaintí suntasacha ar mhargadh na Stát Aontaithe tarraingt ar línte creidmheasa arna soláthar ag an mbanc nó sócmhainní a leachtú, rud a chuireann strus ar chláir chomhardaithe na mbanc trí riosca creidmheasa méadaithe, éileamh cistiúcháin níos airde, agus caillteanais fhéideartha marcála ón margadh. Ina theannta sin, tá raonta difríochta creidmheasa fós comhbhrúite, rud a léiríonn préimheanna ísealriosca fós ar fhiachas ceannasach agus corparáideach araon, rud a d'fhéadfadh leochaileachtaí i ngeilleagair nó in earnálacha a bhfuil fiachais ollmhóra acu a mhéadú dá n-athródh dálaí an mhargaidh.

Anuas ar rioscaí timthriallacha, áirítear ar roinnt dúshláin struchtúracha don chobhsaíocht airgeadais cibir-rioscaí, rioscaí fisiceacha agus aistrithe a bhaineann leis an aeráid, brúnna déimeagrafacha agus impleachtaí an digitithe agus na nuálaíochtaí teicneolaíochta, amhail an intleacht shaorga.

Is féidir le BCE aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar an mbealach is éifeachtaí trí athléimneacht na hearnála airgeadais a neartú trína róil anailíseacha, mhaoirseachta agus mhacrastuamachta. Cuireann BCE anailís riosca chuimsitheach ar fáil, lena gcuirtear measúnuithe tráthúla ar rioscaí agus leochaileachtaí ar fáil a rannchuidíonn le cinntí beartais iomchuí. Is éard atá i gceist leis sin dlúthfhaireachán a dhéanamh ar rioscaí sa bhaincéireacht agus lasmuigh den earnáil baincéireachta agus, laistigh dá shainordú, bearta maoirseachta a ghníomhachtú agus, nuair atá údar leis, bearta macrastuamachta náisiúnta a threisiú chun athléimneacht chóras airgeadais an limistéir euro a fheabhsú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos éiginnte.

Tá dlúthchomhar le húdaráis eile, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí sistéamacha atá ag teacht chun cinn a shainaithint go luath agus go maolófar go héifeachtach iad, mar shampla trí mhaoláin leordhóthanacha a fhorbairt go tráthúil chun suaití a d'fhéadfadh a bheith ann a ionsú. Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) mar ardán uile-Aontais lena dtugtar le chéile na Ballstáit uile agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), chun comhroinnt faisnéise, measúnú riosca agus freagairtí macrastuamachta comhordaithe a éascú. Trína rannpháirtíocht ghníomhach in BERS, is féidir le BCE comhar agus comhordú i measc na n-údarás a neartú a thuilleadh, malartú dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh a chur chun cinn, agus cuidiú lena chinntiú go gcuirfear ionstraimí macrastuamachta i bhfeidhm ar bhealach tráthúil, comhsheasmhach agus éifeachtach ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ar deireadh, tá cumarsáid shoiléir chomhsheasmhach chomh tábhachtach céanna chun éiginnteacht a laghdú, ionchais an mhargaidh a dhaingniú agus chun míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht is bonn le gníomhaíochtaí beartais. Trí thuairimí agus moltaí a sholáthar maidir le hathruithe rialála, cuidíonn BCE le creat a mhúnlú lena dtugtar aghaidh ar leochaileachtaí struchtúracha agus lena dtreisítear cobhsaíocht airgeadais ar fud an limistéir euro.

Dá bhrí sin, is é an phríomhthosaíocht atá ann leanúint de bheith réamhbhreathnaitheach. Ós rud é gur minic a eascraíonn rioscaí cobhsaíochta airgeadais as idirghníomhú casta laigí struchtúracha agus suaití timthriallacha, is é ról BCE nach amháin freagairt don strus ach athléimneacht a chothú roimh ré, rud a chinntíonn go leanfaidh córas airgeadais an limistéir euro de thacaíocht a thabhairt don fhás inbhuanaithe i dtimpeallacht dhomhanda atá thar a

bheith éiginnte.

20. *Cad iad tosaíochtaí BCE, dar leat, i gcur chun feidhme na moltaí ó thuarascálacha Draghi agus Letta, lena n-áirítear maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta? Conas is féidir le BCE, laistigh dá shainordú, tacú go gníomhach le fíor-Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt?*

Cuireann tuarascálacha Draghi agus Letta go mór leis an díospóireacht Eorpach maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus airgeadais a dhoimhniú san Aontas agus cobhsaíocht airgeadais, fás, iomaíochas agus athléimneacht a chur chun cinn. Cé go bhfuil a raon feidhme i bhfad níos leithne, áirítear sna tuarascálacha freisin príomh-mholtaí maidir le saincheisteanna baincéireachta agus airgeadais, mar atá, an tAontas Baincéireachta agus Aontas na Margaí Caipitil, a bhfuil achoimre orthu faoi cheanntásc an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta (SIU).

I mo thuairimse, tá géarghá le Aontas Coigiltis agus Infheistíochta lánfheidhme. Tá iomaíochas na hEorpa, a huathriail straitéiseach oscailte, agus a cumas an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú ag brath ar mhargadh caipitil níos doimhne agus níos comhtháite. D'ainneoin beagnach 10 mbliana de phlé ó chéad Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil in 2015, tá an dul chun cinn mall. Mar gheall ar an timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, níl ach méadú tagtha ar an bpráinn a bhaineann le coigilteas Eorpach a shlógadh i dtreo infheistíochtaí táirgiúla agus spleáchas struchtúrach na hEorpa ar bhonneagair airgeadais neamh-AE a laghdú. Óna thaobh sin de, is díol mór sásaimh iad na tionscnaimh is déanaí ón gCoimisiún – maidir le hurrúsú, na Cuntais Choigiltis agus Infheistíochta, pinsin fhorlíontacha, agus comhtháthú agus maoirseacht an mhargaidh caipitil.

Tá leas láidir – agus ról tábhachtach – ag BCE i gcur chun cinn an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta: ar an gcéad dul síos, bainfidh tairbheoidh tarchur an bheartais airgeadaíochta de chomhtháthú níos doimhne margaí caipitil; ar an dara dul síos, i gcás cúraimí BCE maidir le feidhmiú rianúil an chórais íocaíochta agus bhonneagar an mhargaidh airgeadais a chinntiú, tairbheoidh na cúraimí sin de na feabhsuithe a thiocfaidh as na tograí ón gCoimisiún sna réimsí sin; ar an tríú dul síos, tairbheoidh feidhmeanna maoirseachta bainc BCE de struchtúr maoirseachta níos láidre agus níos comhtháite do mhargaí caipitil, agus i bhfianaise na n-idirnasc láidir idir bainc agus gníomhaithe sa mhargadh caipitil freisin.

Ar an iomlán, creidim gur cheart do BCE leanúint de bheith ina rannchuiditheoir gníomhach agus cuiditheach le forbairt an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. Laistigh dá shainordú, is féidir leis rannchuidiú go gníomhach leis an bplé bunaithe ar a inniúlachtaí agus ar a shaineolas teicniúil, d'fhonn tacú leis an obair theicniúil agus dul chun cinn nithiúil a bhaint amach a luaithe is féidir. Ba cheart do BCE, go háirithe, a shaineolas a sholáthar maidir le comhtháthú bhonneagair iarthrádála an Aontais agus maidir le córas comhtháite AE a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí caipitil, tar éis dó tairbhe a bhaint as taithí SAM (sásra aonair maoirseachta).

21. *Cad iad do thuairimí maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche agus maidir leis an ngá atá le hathchóirithe struchtúracha?*

Is é an chéim is tábhachtaí chun iomaíochas agus athléimneacht earnáil baincéireachta na hEorpa a neartú é a chur ar chumas na mbanc Eorpach leas iomlán a bhaint as ár margadh aonair. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Le

hAontas Baincéireachta iomlán, mhéadófaí athléimneacht freisin agus chuideofaí le coimirce a thabhairt in aghaidh suaití geopholaitiúla, ilroinnt an mhargaidh, agus bagairtí eile ar chobhsaíocht airgeadais, agus ar an gcaoi sin neartófaí muinín i gcóras airgeadais an limistéir euro ina iomláine.

I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón nGéarchéim Airgeadais Dhomhanda agus ón ngéarchéim fiachais Eorpaigh a tháinig ina diaidh, beartaíodh an tAontas Baincéireachta le trí cholún: cómhaoirseacht, comhréiteach agus comhscéim árachais taiscí. Tugadh isteach an chéad dá cholún níos tapúla ná riamh nuair a cruthaíodh an Sásra Aonair Maoirseachta agus an Sásra Réitigh Aonair. Dhéanfainn cur síos orthu mar scéalta ratha, a bhí ríthábhachtach chun ár gcóras airgeadais a choinneáil cobhsaí le linn tréimhsí géarchéime níos déanaí amhail suaitheadh baincéireachta 2023.

Mar sin féin, is beag dul chun cinn atá déanta maidir leis an tríú colún, Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT), le breis agus 10 mbliana anuas. I mo thuairimse, ba cheart aghaidh a thabhairt go pras ar an mbearna sin, ós rud é go gcabhródh an scéim sin le fíormhargadh aonair baincéireachta san Eoraip. Tá SEÁT ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh an leibhéal céanna cosanta iarbhír ag euro amháin a thaisctear i mbanc i mBallstát agus atá ag euro amháin a thaisctear i mbanc i mBallstát eile. D'ainneoin chomhchuibhiú an leibhéil cumhdaigh agus na rialacha maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (SRT) náisiúnta, tá an chosaint iarbhír agus bhraite do thaiscí fós nasctha le neart fioscach an Bhallstáit.

Is codán beag de thaiscí árachaithe i gcóras baincéireachta iad na hacmhainní SRT atá ar fáil agus d'fhéadfaí iad a ídiú go tapa. Le SEÁT, d'fhéadfaí acmhainní a chomhthiomsú ar an leibhéal Eorpach, rud a laghdódh an riosca nach mbeadh cistí ar fáil nuair ba ghá. Rannchuideodh SEÁT freisin leis an bhfáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach a mhaolú, tríd an riosca go mbeadh ar SRT náisiúnta dul i muinín a Bhallstáit a sheachaint. Mar a léiríodh in anailís foirne BCE in 2018, tabharfaidh SEÁT na tairbhí sin gan aon riosca substaintiúil maidir le tras-fhóirdheonú córasach gan údar ar fud na mBallstát, rud a chiallaíonn go bhfuil riosca teoranta ann go n-íocfaidh roinnt tíortha an bille as géarchéimeanna baincéireachta i dtíortha eile san Aontas Baincéireachta.

Is díol sásaimh é an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air in 2025 maidir leis an athchóiriú ar an gcreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí, go háirithe chun feabhas a chur ar bhainistiú géarchéimeanna banc beag agus meánmhéide, ach ní chuireann an t-athchóiriú sin deireadh leis an bpráinn a bhaineann leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche trí SEÁT a thabhairt isteach. Dá bhrí sin, ní mór dúinn teacht ar chomhthoil maidir le huainiú agus coinníollacha SEÁT, agus tús áite a thabhairt dá thogra reachtach.

Tá gá le gnéithe breise freisin chun creidiúnacht an chreata um réiteach banc a threisiú. Tá dhá phríomh-chúlstop fós in easnamh: cúlstop coiteann don Chiste Réitigh Aonair agus cúlstop leachtachta poiblí atá éifeachtach agus mór go leor do bhainc atá faoi réiteach. Tá súil agam go bhféadfar dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na cúlstopanna sin go luath.

Thar an Aontas Baincéireachta, chuideodh cothú margaidh aonair don bhaincéireacht le hiomaíochas ár gcórais airgeadais, agus táim ag tnúth le hiarrachtaí an Choimisiúin chuige sin. Is luamhán ríthábhachtach é an Margadh Aonair atá ar fáil don Aontas.

22. *Cad iad na tosaíochtaí a leagfá síos chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí struchtúracha*

fadtéarmacha (amhail aosú déimeagrafach, an t-aistriú aeráide agus an digitiú) a mbíonn tionchar acu ar dhinimic praghsanna agus ar chobhsaíocht airgeadais?

Cuireann athruithe struchtúracha leanúnacha a bhaineann le déimeagrafaic, leis an athrú aeráide, leis an digitiú agus leis an ngeopholaitíocht le timpeallacht bhoilscithe éiginnte a d'fhéadfadh a bheith níos luainí. D'fhéadfaidís difear a dhéanamh freisin don treocht bhoilscithe, don fhoirmliú praghsanna agus do phraghsanna coibhneasta táirgí éagsúla. San fhíorgheilleagar, tá sé róluath a rá an ndéanfaidh na hathruithe struchtúracha sin difear dearfach nó diúltach don táirgiúlacht ar an iomlán. I mo thuairimse, ní mór na forbairtí sin a chur san áireamh go córasach leis an mbeartas airgeadaíochta. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, acmhainneacht anailíseach BCE a neartú sna réimsí sin.

Ó thaobh na cobhsaíochta airgeadais de, leagtar béim san Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais is déanaí ó BCE (Samhain 2025) ar thrí phríomhleochaileacht, a bhfuil tionchar ag athruithe struchtúracha agus ag an éiginnteacht maidir le treochtaí geo-eacnamaíocha agus tionchair taraifí orthu freisin: luacháilacha arda sócmhainní lena mbaineann an riosca go ndéanfar coigeartuithe géara agus comhghaolaithe, dúshláin fhioscacha, rud a d'fhéadfadh muinín infheisteoirí a thástáil, agus neamhchosaintí na mbanc ar earnálacha atá íogair ó thaobh taraifí de agus a naisc mhéadaitheacha leis an earnáil neamhbhainc.

Sa timpeallacht sin atá ag athrú, tá sé ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa an Margadh Aonair a dhoimhniú tríd an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, agus ar an gcaoi sin comhtháthú an mhargaidh caipitil a chur chun cinn. Beidh sé ríthábhachtach freisin ár gceannasacht airgeadaíochta a dhaingniú trí ról an euro sa ré dhigiteach a chaomhnú. Dá bhrí sin, is príomhthosaíochtaí beartais iad euro digiteach a thabhairt isteach agus obair BCE chun idirbhearta teicneolaíochta mórleabhar dáilte (TMD) a shocrú trí úsáid a bhaint as airgead bainc ceannais trí chur chuige dériain (Pontes agus Appia). I dteannta a chéile, d'fhéadfadh na tionscnaimh Eorpacha sin iomaíochas agus athléimneacht an limistéir euro a neartú, go háirithe trí ilroinnt rialála a laghdú, caipiteal fiontair a scaoileadh agus uathriail straitéiseach a fheabhsú.

Ina theannta sin, tá gá le beartais struchtúracha fhónta chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin táirgiúlacht. Go sonrach, d'fhéadfadh simpliú rialála agus coinníollacha feabhsaithe do ghnólachtaí nuathionscanta a bheith ina spreagadh do dhinimiceas gnó. Chuideodh beartais oideachais agus oiliúna neartaithe, mar aon le dreasachtaí oibre méadaithe, le margaí saothair an limistéir euro a chur in oiriúint do ré na hIntleachta Saorga.

23. *Cad é do mheas ar spleáchais an chórais airgeadais Eorpaigh ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha neamh-AE agus cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag BCE aghaidh a thabhairt ar spleáchais den sórt sin?*

Braitheann an córas airgeadais Eorpach ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha neamh-AE i roinnt réimsí, lena n-áirítear néalseirbhísí, córais oibriúcháin, nó bonneagair choiteanna. Thug an tAontas céim mhór chun cinn le teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil, lena neartófar athléimneacht dhigiteach na n-eintiteas airgeadais, trína chinntiú gur féidir leo suaitheadh TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) a sheasamh, freagairt dó agus téarnamh uaidh, amhail cibirionsaithe nó teipeanna córais, ach lena n-áirítear bainistiú riosca tríú páirtí freisin.

Ó thaobh na cobhsaíochta airgeadais de, tugann BCE aird ar leith ar rioscaí a eascraíonn as na spleáchais sin. Tá méadú suntasach tagtha ar chibir-rioscaí, go háirithe, rud a dhéanann difear

nach amháin do bhainc ach d'árachóirí, do chistí pinsin agus do bhonneagair mhargaidh freisin, arna spreagadh ag teannas geopholaitiúil agus ag idirspleáchais dhigiteacha atá ag dul i méid. D'fhéadfadh úsáid mhéadaitheach na hintleachta saorga na rioscaí sin a mhéadú a thuilleadh, ag brath freisin ar chomhchruinniú soláthróirí agus ar dhul i bhfód teicneolaíoch, i bhfianaise na gcibirionsaithe níos sofaisticiúla a d'fhéadfadh a bheith ann. Leagadh béim ar na hábhair imní sin san Athbhreithniú is déanaí ar Chobhsaíocht Airgeadais ó BCE agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá maoirseacht láidir tríd an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil.

Tugann BCE aghaidh freisin ar na spleáchais sin tríd an maoirseacht a dhéanann sé ar eintitis airgeadais. Déanann an tEurochóras maoirseacht ar chineálacha éagsúla bonneagar margaidh airgeadais agus eintiteas eile, chomh maith le hionstraimí, scéimeanna agus socruithe íocaíochta leictreonaí, chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht na gcóras íocaíochta, imréitigh agus socraíochta a chur chun cinn. Is éard atá i gceist leis na freagrachtaí formhaoirseachta sin freisin rioscaí a bhainistiú agus athléimneacht a chinntiú a mhéid a bhaineann le spleáchais den sórt sin. Thairis sin, ó thaobh na maoirseachta baincéireachta de, tá neartú athléimneacht oibríochtúil na mbanc ar cheann den dá phríomhthosaíocht mhaoirseachta le haghaidh 2026-28, agus tuairiscíonn BCE ar na spleáchais shonracha sin.

Ar bhonn níos leithne, tá éiceachóras íocaíochta na hEorpa fós ag brath go mór ar sholáthraithe neamh-AE, go háirithe maidir le híocaíochtaí miondíola. I dtuarascáil 2025 ó BCE maidir le scéimeanna cártaí agus próiseálaithe, leagtar béim ar an spleáchas mór ar scéimeanna cártaí idirnáisiúnta agus ní féidir aon cheann de na próiseálaithe atá ag feidhmiú thar theorainneacha an Aontais a shainaithint mar phróiseálaithe atá faoi úinéireacht iomlán an Aontais. Ina theannta sin, níl aon réiteach íocaíochta leictreonaí baile ann lena gcumhdaítear an limistéar euro ina iomláine. Sin é an fáth a bhfuil sé d'aidhm ag straitéis íocaíochtaí miondíola an Eurochórais, a tugadh cothrom le dáta go deireanach i mí na Samhna 2023, forbairt réitigh uile-Eorpaigh arna rialú ag an Aontas a chothú le haghaidh íocaíochtaí ag an bpointe idirghníomhaíochta, i.e. ag an díolphointe fisiciúil agus sa ríomhthráchtáil. Tá sé sin ina chomhlánú le tionscadal an euro dhigitigh, a bheidh ag brath ar bhonneagar Eorpach. Chuirfeadh sé sin ar chumas na hEorpa úinéireacht a fháil ar ais ar ollstruchtúr ar a bhfuil a córas íocaíochta ag feidhmiú agus, ar an gcaoi sin, neartódh sé ár neamhspleáchas.

I mo thuairimse, ba cheart do BCE leanúint dá uirlisí anailíseacha, maoirseachta agus formhaoirseachta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le spleáchais theicneolaíocha, agus é ag obair go dlúth le reachtóirí an Aontais agus leis na húdaráis náisiúnta.

24. *Cad iad do thuairimí maidir leis an gclár oibre simpliúcháin i gcoitinne, agus maidir leis na moltaí ó Thascfhórsa Ardleibhéil BCE chun an creat stuamachata Eorpach um rialáil, maoirseacht agus tuairisciú a shimpliú, agus cobhsaíocht airgeadais agus caighdeáin stuamachta á gcaomhnú go hiomlán ag an am céanna? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat obair leantach a dhéanamh ar na moltaí sin ón Tascfhórsa Ardleibhéil sin?*

Tá an dioscúrsa maidir le simpliú tráthúil agus riachtanach araon. Forbraíodh an creat Eorpach stuamachta agus maoirseachta bunaithe ar na ceachtanna móra a foghlaimaíodh ón Mór-Ghéarchéim Airgeadais agus ón ngéarchéim fiachais Eorpaigh. Dfhóin an creat sin go maith dúinn agus chuidigh sé le cobhsaíocht airgeadais a neartú. Ag an am céanna, d'éirigh sé níos casta le d10 mbliana anuas agus tá roinnt dúblála agus ualaí nach bhfuil gá leo ann. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dom obair Thascfhórsa Ardleibhéil BCE mar rannchuidiú tábhachtach chun na

háiteanna inar féidir simpliú a dhéanamh a shainaithint gan caighdeáin stuamachta a mhaolú ná athléimneacht an chórais baincéireachta a lagú.

Glacaim le moltaí agus príomhphrionsabail an Tascfhórsa Ardleibhéil, arb é atá iontu an méid seo a leanas:
Ba cheart athléimneacht a choinneáil ar bun – tá sé sin ríthábhachtach, ós rud é nach féidir ach le córas airgeadais athléimneach freastal ar gheilleagar na hEorpa. Dá bhrí sin, ní hionann dírialáil agus simpliú. Rud atá tábhachtach, ní chuireann na ceanglais chaipitil atá againn faoi láthair srian ar chistiú príobháideach. Ag féachaint ar an suirbhé ar iasachtú bainc, bhí srianta an chláir chomhardaithe diomaibhseach maidir le hathruithe ar chaighdeáin chreidmheasa a chinneadh in 2024 agus 2025. Ina ionad sin, bhí braistintí riosca na mbanc agus a lamháltas riosca ina bpríomhspreagthaí do chaighdeáin chreidmheasa. Le córas baincéireachta cobhsaí dea-fheidhmiúil, cuirtear bonn láidir faoin bhfás eacnamaíoch. Tá acmhainneacht níos láidre ag bainc athléimneacha iasachtaí a thabhairt agus, ar an gcaoi sin, tacú leis an bhfíorgheilleagar. Is féidir le bainc dhea-rialáilte a ndéantar maoirseacht iomchuí orthu a róil a chomhlíonadh gan rioscaí míchuí a ghlacadh ná cobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol, rud a chinntíonn soláthar inbhuanaithe maoinithe. Is fearr is féidir le bainc dhea-chaipitlithe caillteanais a iompar agus, ag an am céanna, leanúint de bheith ag tabhairt iasachtaí don fhíorearnáil le linn sleabhcadh eacnamaíoch, rud a laghdaíonn an baol go mbeadh géarchéim baincéireachta shistéamach ann, rud a mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha aige don fhíorgheilleagar.

Ní mór éifeachtacht maidir le cuspóirí stuamachta a bhaint amach a choinneáil ar bun – ní mór d'údaráis mhicreastuamachta, mhacrastuamachta agus réitigh a bheith in ann a sainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach, agus gnéithe ábhartha uile an riosca a ghabháil.

Ba cheart comhchuibhiú agus comhtháthú airgeadais Eorpach a chothú – cabhróidh peirspictíocht Eorpach agus comhchuibhiú ar fud na mBallstát linn i gcás ina bhfuil easpa comhchuibhithe ina foinse castachta nó neamhréireachta. Tá sé ríthábhachtach d'iomaíochas na mbanc a bheith in ann tairbhe a bhaint as fíor-Mhargadh Aonair.

Ba cheart seasamh leis an gcomhar idirnáisiúnta – go háirithe, ba líne dhearg don Chomhairle Rialaithe é, mar is ceart, a bheith dílis do chaighdeáin Basel i dtuarascáil Thascfhórsa Ardleibhéil. Tá caighdeáin idirnáisiúnta agus comhar iltaobhach ríthábhachtach chun go mbeidh córas airgeadais domhanda cobhsaí ann.

Chuir Tascfhórsa Ardleibhéil BCE a thuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin i mí na Nollag. Is faoin gCoimisiún atá sé anois é a mheas mar ionchur dá thuarascáil féin maidir leis an gcóras baincéireachta sa Mhargadh Aonair. Chuir BCE in iúl go bhfuil sé réidh chun tuilleadh sonraí a chur ar fáil do chomhghleacaithe an Choimisiúin agus do na comhreachtóirí. Measaim go bhfuil sé tábhachtach an infhaighteacht sin a choinneáil ar bun agus, dá gceapfaí mé, dhéanfainn teagmháil réamhghníomhach leis na comhreachtóirí, lena n-áirítear leis an gCoiste seo, mar a rinne an Leas-Uachtarán reatha freisin, agus conclúidí thuarascáil an Tascfhórsa Ardleibhéil á míniú daoibh.

25. *Moltar i dtuarascáil Thascfhórsa Ardleibhéil BCE maidir le simpliú go mbeifí ag brath níos mó ar rialacháin atá infheidhme go díreach, d'fhonn ilchineálacht a laghdú i dtrasuí náisiúnta agus cóineasú maoirseachta a neartú ar fud an Aontais. Conas a chomhoibreofá le reachtóirí an Aontais agus le húdaráis inniúla náisiúnta chun a chinntiú nach mbainfeadh an t-aistriú sin an bonn den tsolúbthacht áitiúil agus de*

phrionsabal na comhréireachta, lena n-áirítear i réimsí ina bhfuil príomhchumhachtaí maoirseachta fós á rialú ag an dlí náisiúnta? Cad iad na sainiúlachtaí náisiúnta ba cheart a chosaint go sainráite, dar leat, agus creataí rialála an Aontais amach anseo á ndearadh?

I mo thuairimse, tá cúis mhaith le moladh an Tascfhórsa Ardleibhéil maidir le reachtaíocht stuamachta an Aontais a aistriú ó threoracha go rialacháin is infheidhme go díreach. Trí bheith ag brath an iomarca ar threoracha, is féidir ilchineálacht a chruthú sa dlí is infheidhme agus éagothromaíochtaí maidir leis an gcaoi a ndéantar maoirseacht ar institiúidí ar fud an Aontais a chruthú freisin. D'fhéadfadh ilchineálacht maidir leis an gcaoi a gcuirtear an dlí i bhfeidhm go nithiúil a bheith mar thoradh ar an ngá atá le treoracha a thrasuí sa dlí náisiúnta. D'fhéadfadh sé sin baincéireacht trasteorann a dhéanamh níos casta. Os a choinne sin, le rialacháin atá infheidhme go díreach, cuirtear cosc ar thrasuí ilchineálach den sórt sin sa dlí náisiúnta agus éascaítear maoirseacht aonfhoirmeach, toisc gur bunús dlí comhchuibhithe iad le haghaidh treoraíocht mhaoirseachta agus ionchais mhaoirseachta. Téann sé sin chun tairbhe go háirithe do bhainc a oibríonn i ndlínsí éagsúla agus a n-infheisteoirí, cuidíonn sé leo tairbhe a bhaint as fíormhargadh aonair, agus éascaíonn sé fás eacnamaíoch níos leithne, rud a théann chun tairbhe don Aontas ar fad.

Tá an moladh sin i gcomhréir le prionsabal an Tascfhórsa Ardleibhéil chun comhchuibhiú agus comhtháthú airgeadais Eorpach a chothú. I gcomparáid le dlínsí eile, tá míbhuntáiste san iomaíocht le sárú ag an Aontas mar gheall ar an easpa scála a eascraíonn as margadh aonair baincéireachta atá fós neamhiomlán. Tá bacainní roimh bhainc maidir le comhtháthú margaidh agus comhdhlúthú trasteorann, agus tá sciar na mbanc Eorpach atá gníomhach ar scála Eorpach fós íseal. Cuireann sé sin bac freisin ar iomaíochas an Aontais i ndomhan digitithe, toisc go mbíonn acmhainneacht neamhshaothraithe ann i dtéarmaí barainneachtaí scála agus gnó trasteorann mar thoradh air. Dá gcuirfí deireadh le bacainní náisiúnta, shimpleofaí gnó laistigh den Aontas agus chothófaí fás, rud a rachadh chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais i gcoitinne.

An tráth céanna, níor cheart sainiúlachtaí náisiúnta a bheith thíos le spleáchas níos mó ar rialacháin i gcás ina bhfuil siad fós ábhartha. Tá dlúthchomhar idir reachtóirí an Aontais, BCE agus na húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) ríthábhachtach. Tá sé tábhachtach comhairliúcháin láidre thrédhearcacha a bheith ann le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara agus rialacháin nua á ndréachtú. Chinnteodh sé sin go ndéanfaí dúshláin náisiúnta phraiticiúla maidir le cur chun feidhme a mheas ag céim luath. Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí neamhbheartaithe, tá gá le lúba aischothaithe rialta idir BCE, an Coimisiún Eorpach agus ÚINanna, chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na rialachán is infheidhme go díreach. Cuideoidh sé sin linn bacainní náisiúnta a laghdú agus iomaíochas agus fás na hEorpa a chothú, agus riachtanais náisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna freisin.

Ar an iomlán, creidim gur bealach cumhachtach é an t-aistriú i dtreo rialacháin atá infheidhme go díreach – in éineacht le comhar struchtúrtha agus coimircí cúramacha don chomhréireacht – chun cóineasú maoirseachta a neartú, ilroinnt a laghdú agus iomaíochas earnáil baincéireachta na hEorpa a fheabhsú. Dá gceapfaí mé, thacóinn go gníomhach leis an bpróiseas sin agus d'oibreoinn go dlúth le comhreachtóirí an Aontais agus le húdaráis inniúla náisiúnta chun a chinntiú go mbainfear amach na tairbhí atá beartaithe leis an aistriú.

26. *Cad iad do thuairimí maidir le rialáil reatha na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc*

agus conas ba cheart athchóiriú a dhéanamh uirthi?

Tá méadú suntasach tagtha ar mhéid agus ar thábhacht na hearnála airgeadais neamhbhainc sa limistéar euro le 10 mbliana anuas. Tá sócmhainní iomlána institiúidí airgeadais neamhbhainc an limistéir euro níos mó ná dúbailte ó bhí 2009 ann, agus anois soláthraíonn na hinstitiúidí sin thart ar 30 % den mhaoiniú fiachais do chorparáidí neamhairgeadais. Téann an t-éagsúlú sin ar fhoinsí maoiniúcháin chun tairbhe don fhíorgheilleagar, ach mar gheall ar an idirnascacht mhéadaitheach idir institiúidí airgeadais neamhbhainc, bainc agus margaí domhanda, cruthaíodh leochaileachtaí nua freisin a dteastaíonn creat rialála níos láidre agus níos comhleanúnaí ina leith. I mo thuairimse, ní mór tús áite a thabhairt d'aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí sin, go háirithe trí chur chuige macrastuamachta níos láidre, má táimid chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú i gcóras airgeadais atá ag éirí níos margadhbhunaithe.

Tá leochaileachtaí leachtachta agus giarála fós ard san earnáil airgeadais neamhbhainc, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go méadófar suaití a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá institiúidí airgeadais neamhbhainc fós leochaileach do cheartúcháin ar phraghsanna sócmhainní, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag strus in earnáil na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc ar bhainc trí naisc chistiúcháin agus neamhchosaintí ar dhíorthaigh. Tá leochaileachtaí ag earnáil na gcistí infheistíochta mar gheall ar neamhréireanna leachtachta agus réimsí ina bhfuil leibhéal ard giarála. In éineacht le hullmhacht leachtachta neamhleor le haghaidh arduithe tobanna ar ghlaonna ar éarlais, is féidir na tosca sin a bheith ina spreagadh d'iompraíocht chomhthimthriallach. Maidir le margaí creidmheasa príobháideacha sa limistéar euro, tá trédhearcacht theoranta mar shaintréith acu. Mar gheall ar fhás tapa na hearnála sin, a struchtúir chasta agus neamh-thrédhearcacha, agus a naisc láidre trasteorann, is mó seans go mbeadh leochaileachtaí folaithe ann, rud a léiríonn an gá atá le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun bearnaí sonraí a dhúnadh agus faireachán riosca a fheabhsú.

Ceacht tábhachtach ó eachtraí struis sa mhargadh roimhe seo is ea an gá atá le feabhas a chur ar an gcreat beartais do neamhbhainc chun a n-athléimneacht a chinntiú. Tá an creat atá ann cheana micreastuamach den chuid is mó agus tá sé dírithe ar chosaint infheisteoirí, agus ní mór é a chomhlánú le cur chuige macrastuamachta níos láidre.

Ba cheart athchóirithe ar an institiúid airgeadais neamhbhainc a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme san Aontas ina n-iomláine agus gan mhoill. Áirítear leis sin bearta arna gcomhaontú ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna leachtachta sa mhargadh airgid agus i gcistí neamhiata, feabhas a chur ar ullmhacht leachtachta le haghaidh glaonna ar éarlais agus ar chomhthaobhacht, riosca sistéamach ó ghiaráil institiúidí airgeadais neamhbhainc a mhaolú, agus treoirlínte Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) maidir le bainistiú riosca creidmheasa contrapháirtí.

De réir mar a fhásann earnáil na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc, agus de réir mar a dhéanann an tAontas bearta chun margaí caipitil a chomhtháthú a thuilleadh, tá gá le maoirseacht níos comhtháite ar chistí agus ar bhainisteoirí sócmhainní ar leibhéal an Aontais. Ba cheart athbhreithniú ar chreat macrastuamachta an Aontais le haghaidh earnáil na gcistí a bheith ag gabháil leis sin, rud lena gcumasófar faireachán ar fud na hearnála, measúnuithe riosca réamhbhreathnaitheacha agus, i gcás inar gá, bearta coisctheacha a ghníomhachtú. Chuige sin, beidh sé tábhachtach ról ESMA a neartú, trí fheidhmeanna macrastuamachta a thabhairt dó.

Ós rud é go dtógfaidh sé am na hathchóirithe a chomhaontú agus a chur chun feidhme, ba cheart

do na húdaráis mhaoirseachta athléimneacht na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc a neartú go réamhghníomhach, agus leas iomlán á bhaint as na sainorduithe atá acu cheana agus as an gcreat rialála atá ann faoi láthair.

D. Íocaíochtaí agus digitiú

27. *Cad é do mheas ar na hidirghníomhaíochtaí idir córais íocaíochta agus an beartas airgeadaíochta?*

Tá teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail TMD, sócmhainní ceadchomharthaithe agus ollstruchtúir socraíochta nua ag athmhúnlú na hidirghníomhaíochta idir córais íocaíochta agus an beartas airgeadaíochta, rud a chruthaíonn deiseanna agus dúshláin araon do bhainc cheannais. In éineacht le forbairtí rialála amhail MiCAR agus Córas Píolótach TMD an Aontais, is féidir leo margaí caipitil digiteacha éifeachtúla agus comhtháite a chothú san Eoraip. An tráth céanna, d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do tharchur an bheartais airgeadaíochta trí athrú a dhéanamh ar an gcaoi a scaiptear leachtacht, ar cé chomh tapa a dhéantar suíomhanna a lamháil agus a shocrú, agus ar cé na sócmhainní socraíochta atá i gceannas i bpríomhdheighleoga margaidh. I mo thuairimse, ba cheart do BCE nuálaíocht in íocaíochtaí agus i socraíocht a chumasú go gníomhach agus a chinntiú ag an am céanna go gcaomhnóidh na hathruithe sin tosaíocht airgead an bhainc ceannais mar ancaire saor ó riosca an chórais.

Is léiriú iad cripteamhonaí cobhsaí ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann go dlúth leis an gclaochlú sin. Tá sé d'aidhm acu luach cobhsaí a bheith acu, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chineál áisiúil sócmhainne socraíochta – ag brath ar a ndearadh agus ar fhóntacht an eisitheora. Sa lá atá inniu ann, is í an chriptea-thrádáil an cás úsáide is tábhachtaí le haghaidh cripteamhonaí cobhsaí agus tá ról beag ag cásanna úsáide eile, rud a chuidíonn le rioscaí gearrthéarmacha a shrianadh. Mar sin féin, tugann a bhfás tapa údar le dlúthfhaireachán a dhéanamh. D'fhéadfadh úsáid níos leithne cripteamhonaí cobhsaí amach anseo, go háirithe mura n-ainmnítear iad in euro, ról airgead an bhainc ceannais mar ancaire an chórais airgeadaíochta a lagú, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar a chumas an t-aonad cuntais a rialú. Dá dtiocfadh méadú suntasach ar úsáid fhorleathan cripteamhonaí cobhsaí, d'fhéadfadh sé sin taiscí miondíola i mbainc thráchtála a laghdú, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do riosca leachtachta na mbanc agus dá ról in idirghabháil chreidmheasa. Tá ról bunúsach ag na bainc maidir le geilleagar an limistéir euro a mhaoiniú.

Tá sé ríthábhachtach an córas airgeadaíochta dhá shraith a choinneáil ar bun gan cur isteach ar chur chun feidhme ná tarchur an bheartais airgeadaíochta. Chinnteodh sé sin nach ndéanfaí dí-idirghabháil ar na bainc, rud a choinneodh an ról ríthábhachtach atá acu maidir le geilleagar an limistéir euro a mhaoiniú agus tarchur an bheartais airgeadaíochta a éascú. Is bealach iad taiscí téacschomharthaithe chun tairbhe a bhaint as ceadchomharthú agus dí-idirghabháil banc á seachaint ag an am céanna agus fanacht laistigh d'imlíne dhea-rialáilte an chórais baincéireachta. Ach i gcás taiscí téacschomharthaithe, ní mór iad a bheith inaistrithe ar fud na mbanc.

Trí airgead bainc ceannais ceadchomharthaithe a sholáthar, is féidir é sin a chumasú agus beidh sé ríthábhachtach freisin chun tacú le margadh Eorpach comhtháite le haghaidh sócmhainní digiteacha. Cuirfidh sé ar ár gcumas leas a bhaint as an teicneolaíocht atá taobh thiar den téacschomharthú, amhail costais réitigh laghdaithe, slabhraí socraíochta níos giorra, seachadadh adamhach in áit íocaíochta agus trádáil agus socraíocht atá nach mór leanúnach.

Agus beidh sé ina bhonn iontaofa dár gcóras airgeadaíochta amach anseo – córas atá digiteach go páirteach – a fheidhmeoidh mar shócmhainn socraíochta choiteann saor ó riosca, agus dá bhrí sin mar chnámh droma ár ngeilleagair. Cuirfidh sé ar ár gcumas freisin tógáil ar bhonneagair Eorpacha, ar shocraíocht an euro agus ar rialacha uile-Aontais. Mar gheall ar éabhlóid thapa na dteicneolaíochtaí, ní mór do bhainc cheannais a gcreataí beartais agus a gcur chuige rialála a oiriúnú. Ní mór do lucht ceaptha beartas cothromaíocht a bhaint amach idir tacaíocht don nuálaíocht i gcórais íocaíochta agus coimircí don chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais.

28. *An bhfeiceann tú rioscaí don chobhsaíocht airgeadaíochta a bhaineann le sócmhainní digiteacha a fhorbairt agus cén ról ba cheart a bheith ag BCE sa chomhthéacs sin?*

Mar a dúirt mé sa fhreagra ar an gceist roimhe seo, tá méadú suntasach tagtha ar an margadh cripteashócmhainní le blianta beaga anuas, agus tá luach roinnt trilliún euro bainte amach aige. Baineann saintréithe agus rioscaí éagsúla le cripteashócmhainní éagsúla, bídís ina gcripteashócmhainní neamhbhunaithe amhail Bitcoin, nó ina gcripteamhonaí cobhsaí amhail Tether arb é is aidhm dó a luach a choinneáil cothrom le dollar na Stát Aontaithe. Is cosúil go bhfuil na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní faoi smacht faoi láthair, ach ní mór aird a thabhairt ar idirnascthacht mhéadaitheach leis an gcóras airgeadais traidisiúnta, toisc go bhféadfadh rioscaí tógálachta a bheith mar thoradh orthu.

I measc sócmhainní digiteacha, tá suntasacht ar leith ag baint leis an méadú ar chripteamhonaí cobhsaí. Cé nach mbaintear mórán úsáide astu sa limistéar euro go fóill agus go bhfuil a n-úsáid teoranta do ghníomhaíochtaí a bhaineann le trádáil cripteashócmhainní, d'fhéadfadh laghdú ar thaiscí miondíola na mbanc a bheith mar thoradh ar úsáid mhéadaithe cripteamhonaí cobhsaí. Athróidh sé sin costais chistiúcháin agus rioscaí leachtachta na mbanc agus a ról idirghabhála agus, dá bhrí sin, beidh tionchar aige ar tharchur an bheartais airgeadaíochta. I mo thuairimse, cuireann na forbairtí sin i dtábhacht gur gá do BCE leanúint de sheasamh réamhghníomhach agus réamhbhreathnaitheach a ghlacadh.

Bhunaigh an tAontas MiCAR chun forbairt shábháilte an mhargaidh sin a chumasú, ar bhealach lena gcosnaítear ceannasacht airgeadaíochta, cobhsaíocht airgeadais agus oibriú rianúil íocaíochtaí. Le MiCAR cuireadh roinnt freagrachtaí ar BCE ina leith sin, agus beidh sé tábhachtach go leanfaidh sé de na freagrachtaí sin a chomhlíonadh in éineacht leis na húdaráis inniúla náisiúnta.

Tá deiseanna i gceist leis an airgeadas digiteach agus ní mór don Eoraip a bheith oscailte agus cruthaíoch chun leas a bhaint as na tairbhí gaolmhara. Tá bealach ann chun é sin a bhaint amach agus córas airgeadaíochta dea-fheidhmiúil á choinneáil ar bun ag an am céanna, rud a fhágann gur féidir leis an mbanc ceannais a bheith nuálach maidir leis an gcaoi a gcuireann sé airgead bainc ceannais ar fáil don gheilleagar. Lasmuigh de thionscadal an euro dhigitigh, leathnaigh an tEurochóras a thionscnamh chun idirbhearta bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT) in airgead bainc ceannais a shocrú le clár ina bhfuil dhá rian chomhlántacha a threisíonn a chéile: Pontes agus Appia. Cuirfidh Pontes réiteach aonair de chuid an Eurochórais ar fáil faoi dheireadh an tríú ráithe de 2026 (le tús treoirthionscadail) lena nascfar ardáin TMD agus seirbhísí TARGET lena n-ionchorpraítear gnéithe a úsáidtear in obair thaiscéalaíoch an Eurochórais ar TMD in 2024. Comhlánaíonn Appia é sin trí dhíriú ar éiceachóras nuálach comhtháite a chothú san Eoraip trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha araon. I dteannta a chéile, cuideoidh na tionscnaimh sin lena chinntiú go

leanfaidh airgead bainc ceannais de bheith ina shócmhainn socraíochta iontaofa i gcóras airgeadais atá ag éirí níos digití.

29. *Tá sócmhainní digiteacha agus bannaí téacschomharthaithe ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile mar chuid den timpeallacht airgeadais. Conas ba cheart incháilitheacht le haghaidh sócmhainní téacschomharthaithe sa chreat comhthaobhachta a chalabrú?*

Tá bonneagar an mhargaidh airgeadais chun urrúis a eisiúint, a shocrú agus a sheirbhísiú á athrú ó bhonn mar gheall ar an nuálaíocht dhigiteach. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as téacschomharthú i sócmhainní airgeadais agus d'fhéadfadh sé sin seirbhísí airgeadais a dhéanamh níos éifeachtúla trí phróisis a uathoibriú, a chomhtháthú agus a shimpliú, agus trí thrédhearcacht a fheabhsú. Ní mór do Bhainc Cheannais dul in oiriúint do na forbairtí teicneolaíochta sin, lena n-áirítear le coigeartuithe ar a gcreat comhthaobhachta.

Go deimhin, tá an chéad chéim glactha ag an Eurochóras agus táthar chun úsáid sócmhainní indíolta arna n-eisiúint i dtaisclanna lárnacha urrús a chumasú trí úsáid a bhaint as seirbhísí atá bunaithe ar TMD mar chomhthaobhacht incháilithe de chuid an Eurochórais ón 30 Márta 2026 ar aghaidh. Ní mór na sócmhainní sin a bheith ar fáil lena socrú in Urrúis-TARGET2 (T2S) agus ceanglaítear orthu na rialacha incháilitheachta céanna de chuid an Eurochórais a chomhlíonadh le haon sócmhainn indíolta eile a nglacann an tEurochóras léi go dtí seo.

Sa bhreis ar an gcéad chéim sin, d'fhógair BCE freisin go bhfuil plean oibre uaillmhianach seolta aige chun iniúchadh a dhéanamh i dtaobh conas a d'fhéadfadh sócmhainní a eisítear agus a shocraítear go hiomlán ar líonraí TMD a bheith incháilithe agus a shlógadh mar chomhthaobhacht de chuid an Eurochórais amach anseo, agus i dtaobh cé hiad na critéir faoina bhféadaidís a bheith incháilithe agus a shlógadh mar sin. Leis an obair sin, caithfear aghaidh a thabhairt ar raon leathan ceisteanna beartais, dlíthiúla agus oibríochtúla, lena n-áirítear na critéir maidir le heisiúint, críochnaitheacht socraíochta, bunús dlíthiúil na húinéireachta, agus na módúlachtaí oibríochtúla le haghaidh slógtha.

Creidim nach bhfuil sa mhéid sin ach tús le réimse tábhachtach taiscéalaíochta. Tá sé beartaithe tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir breithnithe dlíthiúla agus bainistithe riosca a chothromú go cúramach agus príomhphrionsabail amhail leordhóthanacht comhthaobhachta, sábháilteacht, éifeachtúlacht agus cothroime sa chóras á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. Measaim gur iarracht riachtanach agus fhóinteach é sin a idirghníomhaíonn go dlúth leis an obair eile thuasluaite maidir le ról BCE i gcórais íocaíochtaí agus socraíochta a fhorbairt a thuilleadh.

30. *Cad é do mheas ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga, ó thaobh na maicreacnamaíochta de agus in obair laethúil BCE araon?*

Tá impleachtaí macrairgeadais IS fós an-éiginnte. Mar shampla, tá na meastacháin reatha ar thionchar na hintleachta saorga ar fhás táirgiúlachta idir beagnach nialas agus os cionn 2 phointe céatadáin in aghaidh na bliana. I gcás dóchasach, tá deiseanna suntasacha ag an intleacht shaorga maidir le fás táirgiúlachta agus caighdeáin mhaireachtála. An tráth céanna, baineann rioscaí macrairgeadais leis an intleacht shaorga freisin. D'fhéadfadh míshocracht i margadh an tsaothair neamhionannas a mhéadú, ag brath ar an gcothromaíocht idir cruthú post agus athsholáthar post chomh maith le tairbhithe pá agus cailliúnaithe pá. D'fhéadfadh sé go

dtiocfaidh méadú ar chomhchruinniú margaidh ós rud é go dtéann buntáistí scála maidir le sonraí agus cumhacht ríomhaireachta chun tairbhe do mhórghnólachtaí teicneolaíochta, rud a d'fhéadfadh an iomaíocht a mhaolú agus moill a chur ar scaipeadh deiseanna fáis. Dá mbainfí úsáid fhorleathan as algartaim chomhchosúla i gcorparáidí airgeadais, d'fhéadfaí iompraíocht tréadaíochta agus comh-thimthriallacht a mhéadú, agus cruthaíonn comhchruinniú i measc líon beag soláthraithe teicneolaíochta spleáchais shistéamacha. I mo thuairimse, éilíonn an meascán rioscaí sin cur chuige faichilleach sonraíbhunaithe lena ndéantar idirdhealú idir fíorghnóthachain táirgiúlachta agus éifeachtaí eofóiria, timthriallacha nó aonuaire agus lena ndéantar faireachán gníomhach ar chomhchruinnithe nua riosca.

Maidir leis an mbeartas airgeadaíochta, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige sin. Má chuireann IS go mór le fás táirgiúlachta, d'fhéadfadh sé sin 'teorainn luais' an gheilleagair agus an fíor-ráta úis cothromaíochta a mhéadú. An tráth céanna, dá nglacfaí teicneolaíocht IS go forleathan, d'fhéadfaí dlús a chur le freagairtí praghsanna gnólachtaí ar shuaitéí. Ar an micrileibhéal, d'fhéadfadh algartaim praghsanna idirdhealú níos suntasaí a dhéanamh idir tomhaltóirí, agus is saincheist oscailte fós í a mhéid a bheidh siad in iomaíocht nó i gclaonpháirt ar fud gnólachtaí. Ar deireadh, d'fhéadfaí difear a dhéanamh do tharchur an bheartais airgeadaíochta ar bhealaí éagsúla trí éifeachtaí na hintleachta saorga ar mhargaí saothair, ar dháileadh agus ar an earnáil airgeadais.

Ó thaobh na cobhsaíochta airgeadais de freisin, is dócha go mbeidh tairbhí agus rioscaí ag baint le huirlisí nua intleachta saorga giniúnaí, ag brath ar an gcaoi a láimhseáiltear sonraí, forbairt samhlacha agus cur chun úsáide. Is féidir na rioscaí atá ann cheana a mhéadú trí dhul i bhfód ard teicneolaíochta agus trí chomhchruinniú soláthróirí, rud a bhféadfadh iompraíocht tréadaíochta agus comhghaolú margaidh a bheith mar thoradh air freisin. An tráth céanna, is féidir tairbhí a bheith ag baint leis an intleacht shaorga trí athléimneacht an chórais airgeadais a mhéadú trí phróiseáil faisnéise fheabhsaithe, trí thacú le cinnteoireacht, agus trí ghnóthachain éifeachtúlachta agus cúraimí á n-uathoibriú. Ar na cúiseanna sin go léir, ní mór do BCE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na forbairtí sin.

Ó thaobh na hoibríochta de, tá an intleacht shaorga á comhtháthú de réir a chéile ag BCE ar fud na hinstitiúide, agus na coimircí uile is gá á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. I mo thuairimse, is forbairt dhearfach é sin a neartaíonn anailís fíor-ama, a fheabhsaíonn éifeachtúlacht agus a thacaíonn le cinnteoireacht níos eolasaí. Ag gach céim, áfach, ní mór úsáid IS a bheith trédhearcach, inmhínithe agus slán i gcónaí, agus ní mór daoine a choinneáil ar an eolas maidir le cinntí atá ábhartha ó thaobh beartais de agus ní mór daoine a bheith cuntasach go hiomlán as na cinntí sin.

31. *An bhfuil cripteamhonaí cobhsaí a ainmnítear i ndollair ina mbagairtí ar chobhsaíocht airgeadais agus ar cheannasacht airgeadaíochta agus conas a d'fhéadfaí ról idirnáisiúnta an Euro a fheabhsú sa chomhthéacs sin?*

Mar a luadh i gceisteanna roimhe seo, d'fhás cripteamhonaí cobhsaí go tapa le linn 2025, agus bhí ceannas ag cripteamhonaí cobhsaí a ainmnítear in USD ar an margadh cripteamhonaí cobhsaí, agus go háirithe dhá ghníomhaí mhóra, USDT (Tether) agus USDC (Circle). I gcomparáid leis sin, tá cripteamhonaí cobhsaí atá ainmnithe in euro fós an-bheag, cé gur fhás siad go tapa. Leis an Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCAR), soláthraíodh soiléireacht rialála agus, dá bhrí sin, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le rioscaí a mhaolú agus rialacha soiléire a sholáthar d'eisitheoirí cripteamhonaí cobhsaí agus dóibh siúd a

thairgeann seirbhísí a bhaineann le cripteamhonaí cobhsaí.

D'fhéadfadh rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a bheith ag baint le cripteamhonaí cobhsaí, ar rioscaí iad a eascraíonn as laigí struchtúracha bunúsacha áirithe agus as a n-idirnascthacht leis an airgeadas traidisiúnta. Ag an am céanna, tá na rioscaí cobhsaíochta airgeadais ag an bpointe seo teoranta sa limistéar euro, go háirithe toisc nach n-úsáidtear cripteamhonaí cobhsaí go forleathan le haghaidh idirbhearta a bhaineann le sócmhainní san fhíorshaol, agus nach raibh siad ina gcúis le heis-sreafaí suntasacha taiscí miondíola. Tá sé thar a bheith suimiúil breathnú ar na cásanna úsáide atá ann faoi láthair le haghaidh cripteamhonaí cobhsaí, chun tuiscint a fháil ar cé a úsáideann iad, cad chuige a n-úsáidtear iad agus cén leibhéal riosca a bhaineann lena n-úsáid: Is í an chriptea-thrádáil an cás úsáide is ceannasaí le haghaidh cripteamhonaí cobhsaí. Ciallaíonn sé sin go n-úsáidtear cripteamhonaí cobhsaí go príomha laistigh den chriptea-éiceachóras, agus dá bhrí sin tá siad fíor-riachtanach go príomha don éiceachóras sin agus laistigh de. Ciallaíonn sé sin go háirithe, laistigh den 'fhíorshaol', nach bhfuil ach ról beag acu go dtí seo, agus nach bhfuil aon fhianaise nithiúil ann go n-úsáidtear cripteamhonaí cobhsaí go córasach le haghaidh seoltán nó idirbheart trasteorann eile.

D'fhéadfadh glacadh méadaitheach cripteamhonaí cobhsaí atá ainmnithe in USD an bonn a bhaint de cheannasacht airgeadaíochta agus neamhspleáchas straitéiseach an limistéir euro dá mbainfí úsáid fhorleathan astu le haghaidh íocaíochtaí sa limistéar euro. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh úsáid chomh leathan sin an t-éileamh ar an euro a laghdú, gníomhaíocht íocaíochta a aistriú lasmuigh de bhonneagar an Aontais agus spleáchas ar eisitheoirí agus idirghabhálaithe neamh-AE a mhéadú, rud a d'fhéadfadh tarchur an bheartais airgeadaíochta agus cumas an Eurochórais leachtacht a stiúradh agus sábháilteacht agus éifeachtúlacht na gcóras íocaíochta a chosaint a lagú. I mo thuairimse, tá sé fíor-riachtanach ról an euro mar ancaire airgeadaíochta iontaofa a chosaint chun cosc a chur ar rioscaí den sórt sin teacht chun cinn. Tá ráillí cosanta in MiCAR maidir le húsáid cripteamhonaí cobhsaí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach san Eoraip, atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. I mo thuairimse, is é an dúshlán atá ann na rialacha sin a fhorfheidhmiú.

Baineann an Eoraip tairbhe as córais íocaíochta atá sábháilte agus éifeachtúil cheana féin. Agus ba mhaith liom tábhacht an euro, ár n-airgead bainc ceannais, arb é ancaire iontaofa ár gcórais airgeadaíochta é, a ardú. Tá sé ríthábhachtach ról sin an euro a chaomhnú, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimid ár n-airgead bainc ceannais isteach sa ré dhigiteach freisin. Tá tionscadal an euro dhigitigh agus an obair chun idirbhearta teicneolaíochta mórleabhar dáilte (TMD) a shocrú trí úsáid a bhaint as airgead bainc ceannais trí chur chuige dériain (Pontes agus Appia) ríthábhachtach i ndáil leis sin agus beidh siad ríthábhachtach chun ceannasacht airgeadaíochta a chaomhnú.

Mar a luaigh mé cheana, beidh sé ríthábhachtach airgead bainc ceannais ceadchomharthaithe a sholáthar chun tacú le margadh Eorpach comhtháite le haghaidh sócmhainní digiteacha. Meallfaidh margaí bríomhara doimhne leachtacha le haghaidh sócmhainní digiteacha Eorpacha infheisteoirí eachtracha, rud a chuirfidh borradh faoi ról idirnáisiúnta an euro.

32. *Cad iad na príomhbhacainní struchtúracha atá ann i dtaca le ról idirnáisiúnta an euro a neartú, agus conas is féidir le BCE rannchuidiú chun aghaidh a thabhairt orthu?*

Tá deis ag an euro a ról idirnáisiúnta a neartú. Mar thoradh ar ábhair imní maidir le cobhsaíocht agus iontaofacht fhadtéarmach na Stát Aontaithe mar chomhpháirtí eacnamaíoch domhanda,

rinne infheisteoirí athmheasúnú ar stádas tearmainn an dollair, agus léiríodh le heachtraí a tharla le déanaí – amhail an fhreagairt mhargaidh ar bhagairtí taraife a bhaineann le teannas timpeall na Graonlainne – gur féidir leis an euro feidhmiú mar thearmann sábháilte níos mó agus níos mó. Mar sin féin, in ainneoin na gcomharthaí sin go bhfuil braistintí ag athrú, ní dhearnadh ath-leithdháileadh leathan ó shócmhainní dollair go dtí seo. Cuireann sé sin i bhfios go láidir, cé go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag an euro, go gcuireann bacainní struchtúracha srian fós ar a chumas iompraíocht tearmainn eipeasóideach a aistriú ina ról idirnáisiúnta níos marthanaí agus níos leithne.

Ó thaobh struchtúir de, seasann trí phríomhshraith bacainní amach agus anseo aontaím go mór leis an anailís a chuir Uachtarán BCE i láthair ina haitheasc '*Earning influence: lessons from the history of international currencies*' [Tionchar a thuilleamh: ceachtanna ó stair na n-airgeadraí idirnáisiúnta] an 26 Bealtaine 2025 i mBeirlín. Ar an gcéad dul síos, ní dhearnadh gníomhaíocht sheachtrach chomhleanúnach go fóill de thionchar geopholaitiúil ná cumhacht trádála na hEorpa go hiomlán. Cé gurb é an tAontas Eorpach an trádálaí is mó ar domhan agus go n-úsáidtear an euro chun thart ar 40 % dá thrádáil a shonrascadh, mar gheall ar ilroinnt sa bheartas eachtrach agus slándála, agus an deacracht a bhaineann le bheith ag labhairt d'aon ghuth, cuirtear teorainn le hinchreidteacht gheopholaitiúil na hEorpa agus, dá bhrí sin, le toilteanas comhpháirtithe sócmhainní euro a shealbhú. Ar an dara dul síos, tá bunchlocha eacnamaíocha an limistéir euro fós níos laige ná na bunchlocha sin atá mar bhonn taca leis na hairgeadraí domhanda eile. Tá an fás eacnamaíoch fós níos ísle, tá na margaí caipitil ilroinnte, agus tá srian ar sholáthar sócmhainní sábháilte ardcháilíochta arna sloinneadh in euro. Ar an tríú dul síos, cuireann castacht institiúideach agus dhlíthiúil, lena n-áirítear leitheadúlacht na gcros i bpríomhréimsí beartais, bac ar chinntí comhchoiteanna tráthúla agus fágann sí go mbíonn neart ghealltanais an Aontais doiléir ó pheirspictíocht sheachtrach, cé gur buntáistí móra comparáideacha iad na bunchlocha láidre ó thaobh an smachta reachta agus neamhspleáchas BCE de. Trí lánpháirtiú an Aontais a chur chun cinn agus trí chlár oibre uaillmhianach athchóirithe a shaothrú, méadóidh an tAontas tarraingteacht an euro agus, ar an gcaoi sin, sáróidh sé na bacainní sin.

Laistigh dá shainordú, is féidir le BCE agus leis an Eurochóras rannchuidiú i dtrí phríomhréimse. Ar an gcéad dul síos, feabhas a chur ar chórais íocaíochta trasteorann a bhaineann leis an euro trí chóras mearíocaíochta a idirnascadh le príomh-chomhpháirtithe eachtracha. Ar an dara dul síos, tacú le teacht chun cinn éiceachórais sócmhainní digiteacha Eorpaigh chun éifeachtúlacht agus tarraingteacht mhargaí airgeadais na hEorpa a mhéadú. Ar an tríú dul síos, úsáid
dhomhanda an euro a athneartú trí línte leachtachta euro a sholáthar do bhainc cheannais nach bhfuil sa limistéar euro. An líonra línte babhtála agus athcheannaigh, lena mbaineann bainc cheannais mhóra an gheilleagair shárfhorbartha agus roinnt comhpháirtithe réigiúnacha faoi láthair, feidhmíonn sé mar chúlstop i gcoinne ganntanais leachtachta euro ar an gcoigríoch a d'fhéadfadh cur isteach ar tharchur rianúil an bheartais airgeadaíochta. Le himeacht ama, dá mbainfí úsáid níos mó as an euro le haghaidh sonrascú trádála agus conarthaí airgeadais, laghdófaí cur ar aghaidh na ngluaiseachtaí ráta malairte chuig praghsanna allmhairiúcháin an limistéir euro agus, dá bhrí sin, íogaireacht bhoilsciú an limistéir euro i leith suaití seachtracha, i gcomhréir leis an sainordú cobhsaíochta praghsanna.

33. *Cad iad do thuairimí faoin euro digiteach? Cá mhéad a d'fhéadfadh sé cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, dar leat?*

Sna hagallaimh a bhí agam mar Ghobharnóir, leag mé béim ar an ról ríthábhachtach atá ag bainc cheannais – laistigh dá sainordú – maidir lena chinntiú go mbeidh rochtain rianúil ag saoránaigh ar airgead poiblí dá n-idirbhearta laethúla agus go mbeidh sé éasca dóibh é a úsáid. Tá feidhm ag an bprionsabal sin nach amháin maidir leis an spás fisiciúil – le hairgead tirim – ach ba cheart é a leathnú chuig an réimse digiteach freisin. Chun tacú leis sin, tá sé ríthábhachtach leagan digiteach d'airgead tirim a fhorbairt: an euro digiteach. Níl sé i gceist go dtiocfadh an euro digiteach in ionad airgead tirim ach go gcomhlánódh sé é, rud a chosnódh ábharthacht agus inrochtaineacht airgid phoiblí i ndomhan atá ag éirí níos digitithe. Bheadh sé ar fáil d'úsáideoirí am ar bith agus áit ar bith sa limistéar euro, rud a chuirfeadh ar a gcumas íocaíochtaí a dhéanamh saor in aisce – ar líne nó as líne – ar shuíomhanna gréasáin, i siopaí nó idir daoine aonair.

I mo thuairimse, tá euro digiteach ríthábhachtach freisin chun ceannasacht airgeadaíochta na hEorpa a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin i dtimpeallacht dhomhanda atá ag teacht chun cinn. Cuideoidh sé le spleáchas ar ardáin íocaíochta nach bhfuil faoi cheannas na hEorpa a laghdú, rud a chuirfidh córas íocaíochta slán agus uathrialach ar fáil. Ina theannta sin, neartódh an euro digiteach iomaíochas domhanda an euro, rud a d'fhágfadh gur airgeadra iontaofa nuálach é le haghaidh íocaíochtaí digiteacha. Agus comhlánú á dhéanamh ar an straitéis leanúnach chun airgead bainc ceannais atá comhoiriúnach do TMD a fhorbairt le haghaidh úsáid mhórdhíola, le Pontes agus Appia, spreagfadh an euro digiteach nuálaíocht airgeadais go gníomhach agus chuirfeadh sé comhtháthú margaidh chun cinn ar fud na hEorpa, agus ceannasacht airgeadaíochta á cosaint ag an am céanna. Leis an gcur chuige sin, choinneofaí neamhspleáchas na hEorpa san earnáil airgeadais agus threiseofaí a ceannaireacht sa gheilleagar digiteach. Ba mhaith liom a athdhearbhú go bhfuil sé ríthábhachtach córas airgeadaíochta na hEorpa a dhéanamh slán i bhfad na haimsire i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le cripteamhonaí cobhsaí, go háirithe cripteamhonaí nach bhfuil ainmnithe in EUR atá i gceannas ar an margadh faoi láthair. Mar gheall ar leitheadúlacht mhéadaitheach na gcripteamhonaí cobhsaí a ainmnítear in USD, tá an baol ann go gcruthófar spleáchais nua a d'fhéadfadh neamhspleáchas airgeadaíochta na hEorpa a chur i mbaol agus ról an euro san airgeadas digiteach domhanda a laghdú.

Rud atá tábhachtach, níl an euro digiteach ceaptha chun dul in iomaíocht le réitigh íocaíochta príobháidí Eorpacha atá ann cheana. Ina ionad sin, tá sé d'aidhm aige feidhmiú mar rogha mhalartach phoiblí atá slán agus a rialaítear ar an leibhéal Eorpach, rud lena dtabharfar rogha íocaíochta chomhlántach bhreise do shaoránaigh agus ceannasacht agus athléimneacht airgeadaíochta na hEorpa á neartú ag an am céanna. Ina theannta sin, cuirfidh sé ardán láidir ardteicneolaíoch ar fáil a chuirfidh ar chumas soláthraithe íocaíochta príobháideacha Eorpacha nascadh go rianúil le custaiméirí ar fud an réigiúin, rud a chothóidh nuálaíocht agus inrochtaineacht níos fearr laistigh d'éiceachóras na n-íocaíochtaí.

Ar deireadh, is comhthionscadal Eorpach é an euro digiteach. Beidh a rath ag brath ar reachtaíocht láidir agus ar dhlisteanacht dhaonlathach leathan. Tá ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcreat dlíthiúil a ghlacadh. Táim tiomanta dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach leis an bParlaimint agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an euro digiteach ionchais na saoránach, go neartóidh sé uathriail straitéiseach na hEorpa, agus go dtacóidh sé le muinín as ár gcóras airgeadaíochta sna blianta amach romhainn.

E. Feidhmiú BCE agus cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht dhaonlathach

34. *Is bunchloch de dhearadh institiúideach BCE é neamhspleáchas an bhainc ceannais. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar raon feidhme ghníomhaíocht BCE le blianta beaga anuas, agus níl aon athrú tagtha ar an neamhspleáchas i dtéarmaí foirmiúla. Conas ba cheart neamhspleáchas a chaomhnú agus a fheidhmiú sa chleachtas de réir mar a thagann forbairt ar raon feidhme ghníomhaíocht BCE agus cothromaíocht institiúideach á caomhnú ag an am céanna?*

Tá neamhspleáchas an bhainc ceannais fós fíor-riachtanach chun príomhchuspóir BCE maidir le cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach, pointe atá bunaithe go daingean ar anailísí teoiriciúla fairsinge agus ar fhianaise eimpíreach. Cuireann neamhspleáchas ar chumas BCE cinntí réamhbhreathnaitheacha a dhéanamh lena mbaineann tréimhse mheántéarmach, saor ó bhrúnna polaitiúla gearrthéarmacha, agus bunaithe ar an bhfianaise anailíseach is gá chun ionchais bhoilscithe a choinneáil daingnithe go maith. I mo thuairimse, is é an leagan amach sin go beacht a ligeann don bheartas airgeadaíochta leanúint de bheith inchreidte agus éifeachtach i dtimpeallacht ina bhfuil éiginnteacht mhéadaithe agus athrú struchtúrach.

Is tríd an struchtúr cuntasachta idir BCE agus Parlaimint na hEorpa is fearr a chaomhnófar an neamhspleáchas ríthábhachtach sin. Le blianta beaga anuas, tá an dá institiúid tar éis a rannpháirtíocht a dhoimhniú ar bhonn ábhartha – trí idirghníomhaíochtaí agus nuálaíochtaí níos minice chun a n-idirphlé a dhéanamh níos idirghníomhaí – a bhuí le tiomantas an dá institiúid. Chuir sé sin ar chumas BCE leanúint de bheith freagrúil do dhúshláin agus d'éilimh ghrinnscrúdaithe atá ag teacht chun cinn, trí thrédhearcacht a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí BCE arna ndéanamh faoina shainordú beartais airgeadaíochta. Thairis sin, cuireadh síneadh suntasach leis an idirphlé cuntasachta i bhfianaise bhunú an tSásra Aonair Maoirseachta, arna rialú ag a chreat cuntasachta féin, agus i bhfianaise na hoibre leanúnaí ar an euro digiteach, le roinnt éisteachtaí tiomnaithe gach bliain. Beidh sé ríthábhachtach i gcónaí an t-idirphlé dlúth dinimiciúil sin a choinneáil ar bun, go háirithe ós rud é go dtéann BCE i ngleic leis an éiginnteacht agus leis na hathruithe struchtúracha ar an ngeilleagar. Ní mór é sin a chomhlánú le cumarsáid leanúnach leis an bpobal i gcoitinne atá soiléir agus inrochtana, agus trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar fud na sochaí.

Ag féachaint chun cinn, ní mór do BCE – i mo thuairimse – leanúint dá neamhspleáchas a fheidhmiú le smacht mór: agus é dírithe go daingean ar a shainordú, trédhearcach faoina chinntí agus faoina shrianta, agus urraim á tabhairt aige don chothromaíocht institiúideach a leagtar amach sna Conarthaí.

35. *Cad iad na gnéithe den chreat cuntasachta atá ann faoi láthair idir BCE agus Parlaimint na hEorpa a d'fhéadfaí a neartú chun grinnscrúdú parlaiminteach níos fónta a chumasú?*

Is contrapháirt ríthábhachtach do neamhspleáchas an bhainc ceannais í an chuntasacht. Tá sí ríthábhachtach chun creidiúnacht agus dlisteanacht dhaonlathach bainc ceannais a choinneáil ar bun, agus ar deireadh tacaíonn sí le héifeachtacht bheartais an bhainc ceannais agus le muinín na saoránach as an institiúid. Dá bhrí sin, is chun leas BCE féin é creat cuntasachta lena gcumasaítear do Pharlaimint na hEorpa grinnscrúdú eolasach criticiúil a dhéanamh.

Tá forbairt tagtha ar an gcaidreamh idir BCE agus Parlaimint na hEorpa le himeacht ama, mar fhreagairt ar iarrataí méadaithe ar ghrinnscrúdú, agus téann sé i bhfad níos faide ná na ceanglais

sa Chonradh. Saibhríodh an t-idirphlé rialta, go háirithe i gcoiste ECON, le nuálaíochtaí ón dá thaobh den chaidreamh sin, amhail ráiteas tosaigh BCE i gcairteacha agus an deis d'Fheisirí ceisteanna leantacha a chur, rud a neartaigh an t-idirphlé go soiléir agus a fhágann gur féidir plé dinimiciúil gráinneach a dhéanamh ar shaincheisteanna beartais casta atá ag teacht chun cinn. Is léiriú breise é an Malartú Litreacha idir BCE agus Parlaimint na hEorpa ar cháilíocht agus ar thiomantas frithpháirteach an chaidrimh sin.

Ag an am céanna, ní mór tuiscint an phobail i gcoitinne ar shainordú agus ar chinntí BCE agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo a bheith ag gabháil le grinnscrúdú parlaiminteach fóinteach. Dá bhrí sin, tá cumarsáid dhíreach leis na saoránaigh ina gné lárnach agus is féidir léi éifeachtacht na formhaoirseachta parlaimintí a threisiú. Is tosaíocht i gcónaí é a chinntiú go ndéanfar saincheisteanna casta beartais a mhíniú ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, sna hidirghníomhaíochtaí le Parlaimint na hEorpa agus san fhor-rochtain leis an bpobal i gcoitinne.

Dá gceapfaí mé, bheinn lántiomanta i gcónaí oscailteacht, infhaighteacht agus rannpháirtíocht chuiditheach a choinneáil le Parlaimint na hEorpa. Is colúin a threisíonn a chéile iad neamhspleáchas bainc ceannais agus a chuntasacht, agus measaim go bhfuil caidreamh láidir trédhearcach leis an bParlaimint ríthábhachtach chun an dá cheann a chaomhnú.

36. *Cad iad na conclúidí a bhaineann tú as an gcomparáid idir na beartais trédhearcachta atá á leanúint ag BCE agus ag príomhbhainc cheannais eile ar an léibheal idirnáisiúnta?*

Deimhnítear leis an gcomparáid le mórbhainc cheannais eile gur gné lárnach den bhaincéireacht cheannais nua-aimseartha anois é ardleibhéal trédhearcachta. Tá sé ríthábhachtach cuidiú leis an bpobal beartas airgeadaíochta BCE a thuiscint ar mhaithe le hinchreidteacht agus éifeachtacht. Comhlánaíonn an trédhearcacht an chuntasacht freisin agus cothaíonn sí muinín san institiúid. An tráth céanna, tá sé chomh tábhachtach céanna a bheith trédhearcach faoin méid nach féidir le bainc cheannais a dhéanamh, chun ionchais neamhréadúla a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don mhuinín sa deireadh a sheachaint.

Cuirtear i dtábhacht sna comparáidí idirnáisiúnta freisin go mbíonn comhbhabhtálacha i gceist leis an trédhearcacht. Ní gá gurb inmhianaithe nochtadh iomlán a dhéanamh i gcónaí. Ní mór do bhainc cheannais éifeachtacht a mbeartas a chosaint, gan luaineacht an mhargaidh a spreagadh le faisnéis ró-mhionsonraithe nó ró-amhantrach, agus sláine an phlé inmheánaigh a chaomhnú ionas gur féidir leis an lucht ceaptha beartas díospóireacht a dhéanamh gan bhac. Leis an trédhearcacht, ba cheart soiléireacht agus intuarthacht a uasmhéadú agus na dálaí le haghaidh cinnteoireacht fhónta á gcosaint ag an am céanna.

I bhfianaise an mhéid sin, creidim go seasann cleachtais BCE go maith i gcomparáid le cleachtais idirnáisiúnta. I measúnuithe seachtracha, cuirtear BCE i measc na mbanc ceannais is trédhearcaí ar fud an domhain go comhsheasmhach. Is léiriú í éabhlóid chleachtais trédhearcachta agus chumarsáide BCE – amhail cuntais beartais airgeadaíochta a fhoilsiú, preasráitis níos soiléire agus níos struchtúrtha, agus úsáid mhéadaithe as íomhánna agus teanga shimplí – ar thoilteanas na hinstitiúide oiriúnú agus feabhsú.

Ag féachaint chun cinn, measaim gur freagracht leanúnach seachas cúram críochnaithe í an trédhearcacht. De réir mar a éiríonn an timpeallacht níos casta – mar gheall ar theannas geopholaitiúil, athrú teicneolaíoch, agus éiginnteacht mhéadaithe – ní thagann ach méadú ar an

ngá atá le cumarsáid shoiléir, inrochtana agus réamhbhreathnaitheach. Dá gceapfaí mé, bheinn tiomanta cur leis an iarracht leanúnach sin. I mo thuairimse, éilíonn baincéireacht cheannais nua-aimseartha idirphlé leanúnach leis na saoránaigh agus lena n-ionadaithe a thoghtar go daonlathach.

37. *Cad atá beartaithe agat féin a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne in BCE?*

Táim suite de go bhfuil lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach ríthábhachtach do dhlisteanacht agus d'éifeachtacht BCE mar institiúid phoiblí a fhreastalaíonn ar mhuintir uile na hEorpa. Nuair a dhéantar ionadaíocht ar dhearcthaí éagsúla ar gach leibhéal, éiríonn cinntí níos láidre, níos eolaí agus níos machnamhaí ar an tsochaí a mbímid ag freastal uirthi. Sin an fáth a dtacaím go hiomlán le tiomantas BCE cothromaíocht inscne a fheabhsú, agus chuirfinn go gníomhach leis an méid sin a chur chun cinn.

Is iarracht fhadtéarmach í sin a dhéantar ar fud na hinstitiúide: bacainní a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ag gach céim den chonair ghairme, ón gcaoi a bhfógraítear róil agus a roghnaítear iarrthóirí go dtí an chaoi a dtugtar de chumhacht don fhoireann rannchuidiú nuair a thagann siad isteach. Tá roinnt clár agus beart i bhfeidhm ag BCE cheana féin chun feabhsuithe ar an gcothromaíocht inscne a chothú, agus chun tacú leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsitheacht i gcoitinne. Is bloic thógála thábhachtacha iad tionscnaimh amhail Scoláireacht BCE do Mhná san eacnamaíocht agus i réimsí gaolmhara, scéimeanna meantóireachta, agus cleachtais chúramacha chumarsáide agus earcaíochta chun claontachtaí folaithe a sheachaint chun píblíne láidir de mhná a bheidh ina mbaincéirí ceannais amach anseo a fhorbairt.

Chun cothromaíocht inscne a fheabhsú, ní mór timpeallacht a chruthú ina mbeidh rath ar mhná le linn a ngairmréime, ó oiliúnaithe go bainisteoirí sinsearacha. Dá bhrí sin, thacóinn le bearta lena ndéanfaí róil a bhfuil brú mór ag baint leo comhoiriúnach do fhreagrachtaí pearsanta agus teaghlaigh, amhail socruithe solúbtha oibre agus cúram leanaí inrochtana ar ardchaighdeán. Téann sé sin chun tairbhe d'fhir agus do mhná araon agus is cuid é de chur chuige nua-aimseartha maidir le forbairt foirne. Ar bhonn níos leithne, táim suite de nach dtagann torthaí níos fearr as an éagsúlacht ach amháin má tá fíorchuimsiú ann ag an am céanna: ní mór an spás agus an spreagadh a bheith ag gach duine, gan beann ar inscne ná ar chúlra, chun labhairt amach agus beartais a mhúnlú lena saineolas agus lena dtaithí.

Tacaím go láidir freisin le bearta atá dírithe ar acmhainneacht daoine aonair a aithint, acmhainneacht comhghleacaithe óga atá nua i saol na baincéireachta ceannais agus acmhainneacht ball foirne a bhfuil níos mó taithí acu araon. Ina theannta sin, creidim gur gá barr feabhais a aithint i dtodhchaí aon institiúide. Cé nach bhfuil an dá phrionsabal sin dírithe go sonrach ar chothromaíocht inscne a fheabhsú ná ar éagsúlacht a mhéadú, ba cheart, i mo thuairimse, iad a bheith ina bprionsabail uileghabhálacha d'institiúid, agus ba cheart torthaí nithiúla a bheith mar thoradh orthu. Is príomhthosca iad na prionsabail sin i gcinntí maidir le hearcú agus ardú céime ag Banc Náisiúnta na Cróite. Mar thoradh air sin, is mná iad 50 % de bhainisteoirí agus 63 % d'fhostaithe Bhanc Náisiúnta na Cróite (amhail in 2024). Tá na cóimheasa sin níos airde ná mar atá i roinnt mhaith bainc cheannais, lena n-áirítear bainc cheannais BCE.

38. *Cad é do thuairim maidir leis an gcaoi ar thug an Chomhairle neamhaird ar thuairim Pharlaimint na hEorpa uair amháin maidir le comhalta de bhord BCE a cheapadh?*

Tá ról lárnach ag Parlaimint na hEorpa, mar ionadaí díreach shaoránaigh an Aontais, maidir le dlisteanacht dhaonlathach BCE a chinntiú, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht i gceapadh chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin. Mar a luaigh mé cheana, is í an chuntasacht do Pharlaimint na hEorpa an chontrapháirt atá riachtanach do neamhspleáchas BCE, agus is gné thábhachtach i ndáil leis sin í tuairim Pharlaimint na hEorpa maidir le ceapacháin.

Ag an am céanna, leagtar síos sna Conarthaí na nósanna imeachta agus róil agus inniúlachtaí faoi seach na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa sa nós imeachta ceapacháin. Mar iarrthóir, ní fúmsa atá sé dearcadh a ghlacadh maidir leis an gcaoi a láimhseáiltear an caidreamh idirinstitiúideach sin. Ní féidir liom ach an creat atá leagtha síos a urramú agus an nós imeachta ceapacháin a leanúint.

39. *An nglacfá le do cheapachán mar Leas-Uachtarán BCE dá vótálfadh Parlaimint na hEorpa ina aghaidh?*

Mar atá leagtha amach i mo fhreagra ar an gceist roimhe seo, is céim thábhachtach sa phróiseas ceapacháin í tuairim Pharlaimint na hEorpa maidir le mo bhuantaithí ghairmiúil. Leagtar síos leis freisin an bunús le haghaidh caidreamh cuntasachta torthúil. Tá an ceistneoir seo agus an éisteacht atá le teacht agam ina bpríomhchodanna de bhur measúnú ar m'inniúlacht agus ar mo thaithí. Tá sé de phribhléid agam gur mhol an Chomhairle mé don phost seo, agus is mór agam an deis seo chun dul i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa chun mo thaithí, mo chuid inniúlachtaí agus mo thuairimí a chur i láthair. Dá bhrí sin, tá súil agam go bhfaighidh tú léargas leormhaith chun measúnú dearfach a dhéanamh ar m'oiriúnacht don phost agus táim ag tnúth leis an idirphlé cuiditheach.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach1, ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).